Cuntais Leithreasa 2012

# Vóta 39

# Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 39, ceanglaítear orm an cuntas leithghabhála a ullmhú don Vóta gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, réitigh mé an cuntas faoi iamh ar an méid a caitheadh i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2012 maidir le tuarastail agus costais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus seirbhísí áirithe arna riar ag an bhFeidhmeannacht, lena n-áirítear deontais ilghnéitheacha.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2012, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid den chuntas seo é an Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

**Tony O'Brien**
Oifigeach Cuntasaíochta
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**26 Meán Fómhair 2013**

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

**Ráiteas faoi Rialú Inmheánach a Fheabhsú**

Díríodh próiseas dearbhaithe rialuithe FSS in 2012 ar an Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, ina ról mar Oifigeach Cuntasaíochta, agus ar Bhord agus ar Chathaoirleach FSS a chumasú chun toradh a sheachadadh maidir leis an riachtanas iad féin a shásamh go raibh rialú éifeachtach cuí i bhfeidhm i FSS agus chun an méid sin a chur in iúl don Aire Sláinte agus don Oireachtas. In 2012, rinne an Stiúrthóireacht Airgeadais, le hionchur ón Stiúrthóireacht Caighdeáin agus Sábháilteacht Othar, athbhreithniú foirmiúil ar Chóras an Rialaithe Inmheánaigh i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus is iad torthaí an athbhreithnithe sin a mhúnlaigh an Ráiteas seo ar Rialú Inmheánach Airgeadais. Ba iad bainisteoirí airgeadais agus caighdeáin agus riosca a bhfuil saineolas acu ar chúrsaí airgeadais, iniúchta, rialaithe, caighdeáin agus riosca a thug faoin athbhreithniú sin. Baintear úsáid as modheolaíocht fhadbhunaithe sna hathbhreithnithe bliantúla ar chóras an rialaithe inmheánaigh agus rinneadh tuilleadh forbartha ar an modheolaíocht sin agus an t-athbhreithniú seo á dhéanamh in 2012. Cuimsíodh an bhainistíocht chliniciúil i FSS faoi scóip an athbhreithnithe den chéad uair in 2011, agus rinne an bhainistíocht Ráitis um Dhearbhú Rialuithe a chomhlánú. Rinneadh fairsingiú breise ar an scóip in 2012 nuair a éilíodh ar Stiúrthóirí Cliniciúla athbhreithniú féinmheasúnaithe a chomhlánú sna seisiúin agallaimh dhéthaobhaigh (duine le duine). Rinneadh tagairt do na nithe seo a leanas sa mhodheolaíocht d'athbhreithniú 2012:

- Stádas na moltaí sna Tuarascálacha ar Athbhreithniú ar Éifeachtacht Chóras an Rialaithe Inmheánaigh, 2007-2011;
- Ráitis um Dhearbhú Rialuithe a chomhlánaigh gach bainisteoir sinsearach, idir bhainisteoirí riaracháin agus cliniciúla, ó leibhéal an Stiúrthóra Náisiúnta chuig leibhéal Ghrád VIII (nó a mhacasamhail ábhartha). Bhain siad seo leis na rioscaí ábhartha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar FSS, modhanna chun na rioscaí sin a bhainistiú, na rialuithe atá i bhfeidhm chun srian a choinneáil orthu agus na nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh orthu;
- Torthaí agallamh struchtúrtha déthaobhach foirmiúil a cuireadh ar shampla ionadaíoch de 110 mbainisteoir agus gceannaire seirbhíse nó mar sin agus a bhfreagraí ar cheistneoir faoi rialuithe inmheánacha a comhlánaíodh le linn gach agallaimh;
- Tuarascálacha ar Iniúchtaí Inmheánacha, clár iniúchóireachta 2012;
- Miontuairiscí/Tuarascálacha an Choiste Iniúchóireachta agus an Choiste Riosca;
- Tuarascálacha agus litreacha bainistíochta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste;
- Clár Iniúchta 2012 an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus, go háirithe, na rioscaí iniúchta a aithnítear ann;
- Measúnacht ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur i bhfeidhm na moltaí atá i dtuarascálacha ar Iniúchtaí Inmheánacha roimhe seo agus i dtuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste;
- Eisiúintí inmheánacha nuachta/meán;
- Miontuairiscí ó Choistí Bhord FSS;
- Miontuairiscí ó Ghrúpa Stiúrtha/ó Ghrúpa Oibre/ó Ghrúpaí Forfheidhmithe srl;
- Athbhreithnithe/Tuarascálacha Seachtracha; Cuireadh trí athbhreithniú sheachtracha i gcrích in 2012 agus tá roinnt athbhreithnithe eile fós ag dul ar aghaidh in 2013. FSS nó an Roinn Sláinte a rinne coimisiúnú ar na hathbhreithnithe sin le féachaint ar thimpeallachtaí áirithe rialaithe laistigh de FSS. I measc na n-athbhreithnithe, áirítear bailiú ioncaim ar chúram fadchónaithe in Aonaid Chónaithe FSS (Crowleys DFK), Measúnú Riosca Cánach (KPMG), Athbhreithniú Neamhspleách ar Chóras Bainistíochta Feidhmíochta Airgeadais FSS agus ar Phróisis Ghaolmhara (Ogden), agus Dul i nGleic le Laigí i mBainistíocht Airgeadais agus i Rialú Costas i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte na hÉireann (PA Consulting).
- Tuarascálacha an Choiste um Chuntais Phoiblí;
- Tuarascálacha an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte;

- Tuarascálacha an Choimisiúin Meabhair-Shláinte;
- Tuarascálacha maidir le Caighdeán agus Sábháilteacht Othar; agus

Beartas an Rialtais, mar shampla *Future Health - A Strategic Framework for Reform of the Health Service 2012–2015*, Clár an Rialtais, srl.

**Fairsingiú an Phróisis Dearbhaithe Rialuithe**

Faoin bPróiseas Dearbhaithe Rialuithe, 2011, tugadh isteach riachtanas go ndéanfadh bainisteoirí cliniciúla ar leibhéal Bhainisteoirí Ghrád VIII agus os a chionn na Ráitis um Dhearbhú Rialuithe a shíniú. Rinne scóip ghné eile den Phróiseas Dearbhaithe Rialuithe, an Ceistneoir faoi Rialuithe Inmheánacha, a fhairsingiú leis na Stiúrthóirí Cliniciúla a chuimsiú den chéad uair in 2012. Comhlánaíonn grúpa samplach bainisteoirí sinsearacha an ceistneoir sin le linn agallamh foirmiúil déthaobhach (duine le duine). Is léiriú é sin ar chomhtháthú suntasach den bhainistíocht chliniciúil agus riosca chun próiseas dearbhaithe cuimsitheach a chumasú do Bhord FSS. Níor baineadh amach comhlíonadh iomlán na foirne leis an bpróiseas fairsingithe dearbhaithe rialuithe in 2012. I measc na 1,178 mball foirne ar Chlár Stiúrthóireacht na Seirbhísí Comhtháite, tá ráiteas sínithe ag 1,011 díobh (nó 85%) amhail ar 11 Márta 2012. Bhí comhlíonadh 69% ann ag an dáta céanna an bhliain roimhe. Bíodh is go bhfuil feabhas tagtha ar an ráta céatadáin do chomhlíonadh foriomlán leis an bpróiseas, tá leibhéal an chomhlíonta íseal i réimsí seirbhísí áirithe. Aithnítear na baill foirne a shínigh nó nár shínigh Ráiteas um Dhearbhú Rialuithe sna Cláir ar leith agus, bíodh is go bhfuil feabhas tagtha ar an leibhéal neamh-chomhlíonta, tá an leibhéal sin do-ghlactha go fóill. Tá sé ina ábhar imní nach ndéanfaí rioscaí corparáideacha a aithint go cuí ná nach ndíreofaí orthu i gceart toisc nach bhfuil fáil ar Ráiteas sínithe um Dhearbhú Rialuithe leis an bhfeidhmiú rialuithe a fhianú i líon mór cásanna.

Rinneadh agallaimh le sampla ionadaíoch de níos mó ná 100 bainisteoir sinsearach ar fud na seirbhísí leis an gceistneoir a chomhlánú. Baineadh ráta céatadáin 6% amach don chomhlíonadh foriomlán leis an bpróiseas i measc na mbainisteoirí cliniciúla. Tá bearta á nglacadh ag an mbainistíocht chun dul i ngleic leis an leibhéal do-ghlactha comhlíonta sin. Níl ráiteas sínithe ag roinnt Stiúrthóirí Feidhmiúcháin Cliniciúla agus Stiúrthóirí Cliniciúla, agus tá sé curtha in iúl acu gur mian leo dul i gcomhairle leis an Stiúrthóir Cliniciúil Náisiúnta roimh dóibh síniú.

Bhí sé riachtanach an próiseas Dearbhaithe Rialuithe a chur i gcrích le cur ar chumas an Stiúrthóra Chliniciúil Náisiúnta dearbhú a thabhairt don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Mar sin féin, tugadh treoir do gach Stiúrthóir Réigiúnach Oibríochtaí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Próiseas 2012 a chur i gcrích a mhéad agus ab fhéidir.
- Seisiúin oiliúna/faisnéise a eagrú le haghaidh bainisteoirí cliniciúla nuair is gá.
- Leanúint ar aghaidh ag dul i ngleic le bainisteoirí ar leith (bainisteoirí cliniciúla agus eile), nach bhfuil ráiteas sínithe acu, lena chinntiú go síneoidís.

Eisíodh comhfhreagras freisin don Stiúrthóir Cliniciúil Náisiúnta le hiarraidh air an staid chomhaontaithe náisiúnta maidir le próiseas na Ráiteas um Dhearbhú Rialuithe a chur in iúl in athuair do na Stiúrthóirí Cliniciúla sa chóras.

Scaipeadh an tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Chóras an Rialaithe Inmheánaigh i FSS ar an mbainistíocht shinsearach i mí an Mhárta 2013. Sa mheasúnú ar éifeachtacht chóras an rialaithe inmheánaigh, tugadh aird ar fhorbairt leanúnach na gcóras rialaithe i FSS mar eagraíocht réasúnta óg ar cónascadh í ar chomhlachtaí sláinte éagsúla agus na córais oidhreachta a bhí in úsáid acu sin. Mar thoradh ar chur i bhfeidhm agus ar fhairsingiú scóip agus dhoimhneacht an phróisis bhliantúil dearbhaithe rialuithe le blianta beaga anuas, méadaíodh an fheasacht agus an tuiscint ar an gcóras rialaithe ar fud na heagraíochta. Tá bainisteoirí níos dírithe ar chomhlíonadh mar thoradh ar an monatóireacht ar dhul chun cinn agus ar chur i bhfeidhm na moltaí sa tuarascáil.

Bhí roinnt sáruithe i dtimpeallacht rialaithe FSS a ndéantar tagairt dóibh sa ráiteas seo. Léirítear leis na sáruithe sin an riachtanas maidir le béim leanúnach a chur ar an timpeallacht rialaithe agus í a fhorbairt agus an riachtanas maidir le díriú ar an ngá cultúr comhlíonta amháin a chur chun tosaigh ar fud na heagraíochta. Mar achoimre, d'ainneoin na sáruithe rialaithe a d'aithin an bhainistíocht agus a bhfuiltear ag tabhairt fúthu mar atá leagtha amach thuas, tá feabhas ag teacht ar an timpeallacht rialaithe, ar phróisis rialaithe agus bainistíochta riosca agus ar shocruithe dearbhaithe ach níl siad go hiomlán éifeachtach go fóill. Tá roinnt réimsí ina bhfuil gníomhaíocht faoi leith molta chun éifeachtacht a mhéadú agus chun na feabhsuithe a cuireadh i bhfeidhm ó ullmhaíodh an tuarascáil roimhe sin a dhaingniú. Ullmhaíonn an bhainistíocht pleananna struchtúrtha chun na moltaí ón Athbhreithniú ar Chóras an Rialaithe Inmheánaigh i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a chur i bhfeidhm. Déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta monatóireacht i rith na bliana ar chur i bhfeidhm mholtaí seo na bainistíochta agus déanfar athbhreithniú orthu in athbhreithniú 2013 ar chóras an rialaithe inmheánaigh.

**Timpeallacht um Rialú Airgeadais**

Caitheann FSS airgead poiblí ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthar do mhuintir na hÉireann. Tá na dualgais a bhaineann le caiteachas arna thabhú ag FSS dian i dtéarmaí cuntasachta agus follasachta ionas go gcomhlíonfar ár bhfreagracht as cistiú arb ionann é agus timpeall €12.5 billiún ón Státchiste in 2012. Tá na dualgais sin leagtha amach san Acht Sláinte, 2004, agus i Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí de chuid na Roinne Airgeadais.

Tá an córas um rialáil inmheánach airgeadais dinimiciúil de réir a nádúir. Déantar forbairt, cothabháil agus monatóireacht leanúnach ar an gcóras mar fhreagairt ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn san eagraíocht. Mar gheall ar thimpeallacht na gcóras i FSS, tá dúshláin bhreise ar fheidhmiú éifeachtach an chórais um rialáil inmheánach airgeadais. Is iomaí córas airgeadais déabhlóidithe atá ann, tá na córais ilroinnte agus níl siad oiriúnach dá bhfeidhm. Níl na córais airgeadais in ann an leibhéal mionanailíse ar chaiteachas Vóta a sholáthar atá riachtanach de réir rialacha Cuntasaíochta an Rialtais. Bíonn FSS ag brath ar réiteach tuairiscithe eatramhach chun tacú leis an tuairisciú airgeadais ar fad ar leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear na tuarascálacha bainistíochta míosúla, na Ráitis Airgeadais Bhliantúla, agus an Cuntas Leithghabhála. Bíonn sonraí ó 12,000 ionad costais in aghaidh na míosa ó chórais oidhreachta FSS á n-iompórtáil isteach sa chóras sin, agus déantar é á ionramháil de láimh chun tacú le tuairisciú náisiúnta. Toisc nach bhfuil aon chóras náisiúnta amháin i bhfeidhm, ní mór méid suntasach oibre a dhéanamh de láimh lena chinntiú go bhfuil na mórleabhair áitiúla agus an córas náisiúnta sioncronaithe agus réitithe. Tá dúshláin bhreise ag baint leis an gcur chuige tuairiscithe sin de bharr athruithe ar struchtúr na heagraíochta, aois an chórais, agus caillteanas foirne airgeadais ríthábhachtaí. Leanadh le forbairt incriminteach an chóras in 2012 chun próiseáil idirbheart airgeadais na seirbhísí comhroinnte a chomhtháthú agus chun pointe próiseála amháin a chur i bhfeidhm le haghaidh na Scéime um Thacaíocht Tithe Altranais (Cothrom na Féinne), trí úsáid a bhaint as na ceadúnais chórais atá ann cheana. Mar réiteach ar an bhfadhb, ní mór infheistíocht a dhéanamh i ndaoine agus i gcórais chun freastal ar riachtanais nua i dtimpeallacht na sláinte, mórleabhar náisiúnta comhtháite a thógáil chun tacú leis na struchtúir sláinte nua, agus próiseas 'dúnadh go tuairisciú' a fhorbairt lenar féidir sonraí a sholáthar laistigh de sheachtain ó dheireadh na míosa.

Tá na moltaí sin á bplé ag FSS agus ag an Roinn Sláinte chun teacht ar chomhaontú comhchoiteann maidir le cur chuige i leith na forbartha córas sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.

Ghlac an Bord leis an bPlean Náisiúnta Seirbhíse i mí na Nollag 2011 agus d'fhaomh an tAire Sláinte é an 13 Eanáir 2012 laistigh den fhráma ama reachtúil. I rith 2012, tugadh faoi mhonatóireacht agus mheasúnacht ar fheidhmíocht agus ar bhuiséid in aghaidh na gcuspóirí sa phlean gníomhaíochta.

**Rialú Inmheánach Airgeadais Éifeachtach**

Anseo thíos, tá cur síos ar na príomhphróisis atá i bhfeidhm i FSS chun rialú inmheánach airgeadais éifeachtach a sholáthar:

***Córais Rialaithe Inmheánacha***

- Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgas, córas tarmligthe agus cuntasachta, agus córas le haghaidh caiteachas a cheadú. Tá Creat um Rialachas Corparáideach agus Airgeadais FSS le fáil ar www.hse.ie agus cuimsítear leis gach beartas tacaíochta, nós imeachta agus treoirlíne atá mar bhonn agus thaca ag an gCreat. D'fhaomh an tAire Sláinte an Creat de réir Alt 35 den Acht Sláinte, 2004, agus léirítear riachtanais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ann. Ní mór do bhaill foirne a bhfreagrachtaí a thuiscint ina n-iomláine. Tá breac-chuntas ar na freagrachtaí sin i gcuid II den Chreat agus déantar gach comhlíonadh a thagarmharcáil bunaithe air sin.

- Tá córas déabhlóidithe buiséadach i bhfeidhm agus tá an fhreagracht ar bhainisteoirí sinsearacha feidhmiú laistigh de theorainneacha sainithe cuntasachta agus mórathruithe buiséadacha a mhíniú don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin.

- Tá Rialacháin Airgeadais Náisiúnta FSS ina gcuid lárnach den chóras um rialú inmheánach agus ullmhaíodh iad le dea-chleachtas reatha a léiriú. Díríodh aird faoi leith ar a chinntiú go bhfuil na Rialacháin Airgeadais i gcomhréir le riachtanais reachtúla, le ciorcláin na Roinne Airgeadais agus le treoirlínte na hearnála poiblí. Tá sé riachtanach na Rialacháin Airgeadais Náisiúnta a chomhlíonadh ar fud na heagraíochta. Próiseas dinimiciúil leanúnach is ea sraith Rialacháin Airgeadais Náisiúnta FSS a fhorbairt agus a chothabháil. Eisítear rialacháin nua agus nuashonrúcháin ar rialacháin reatha go tréimhsiúil mar fhreagairt ar riachtanais nua nó ar riachtanais a thagann chun cinn. In ainneoin go déantar beartais agus rialacháin a chaighdeánú go náisiúnta, bíonn próisis inmheánacha faoi stiúir córas den chuid is mó agus ní bheifear in ann athruithe sa phróiseas a sheachaint go dtí go gcuirfidh FSS córas amháin airgeadais i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.

- Aithníonn FSS tábhacht na bainistíochta riosca mar phróiseas ríthábhachtach chun seirbhísí sábháilte ar ardchaighdeán a sholáthar. Feidhm bainistíochta líne is ea an bhainistíocht riosca ar leibhéal oibríochta. Ní mór do gach Stiúrthóireacht cur síos a thabhairt ar na socruithe cuntasachta chun rioscaí a bhainistiú ar gach leibhéal laistigh den Stiúrthóireacht. Tá na socruithe sin ina gcuid den ghnáthphróiseas tuairiscithe le cinntiú go bhfuil an bhainistíocht riosca leabaithe sa phróiseas gnó. Tá Stiúrthóireacht Caighdeáin agus Sábháilteacht Othar FSS dírithe ar chúram sláinte sábháilte ar ardchaighdeán a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Baintear úsáid as cur chuige comhtháite maidir le bainistíocht riosca, lena n-ionchorpraítear riosca cliniciúil agus neamhchliniciúil araon. Ní mór do gach seirbhís/feidhm rioscaí a bhaineann lena réimse a shainaithint, a mheas agus a bhainistiú; is é an clár rioscaí an phríomhuirlis chun cur in iúl na faisnéise riosca sin a chumasú. Nuair a aithnítear rioscaí a d'fheadfadh cur isteach go mór ar chuspóirí foriomlána FSS, déantar iad a thaifeadadh sa Chlár Rioscaí Corparáideacha. Meicníocht atá sa chlár chun dearbhú (fianaise) a sholáthar don Bhord go bhfuil rioscaí á n-aithint, á meas agus á mbainistiú agus go bhfuil réimse beart rialaithe agus pleananna gníomhaíochta i bhfeidhm ag tráth ar bith chun na rioscaí a aithnítear a mhaolú. Cuirtear tuarascálacha faoi bhráid an Choiste Riosca go rialta maidir le stádas na rioscaí corparáideacha. Cuireadh grúpaí forfheidhmithe ar bun in 2012 chun maoirsiú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na moltaí ó thuarascálacha inmheánacha agus HIQA araon, mar shampla moltaí maidir le hOspidéal Thamhlachta agus le hOspidéal na Gaillimhe. Tá na próisis bainistíochta riosca i FSS anabaí go leor go fóill, cé go bhfuiltear á bhforbairt. Tá beartais, nósanna imeachta agus treoirlínte ar fad FSS maidir le Bainistíocht Riosca le fáil ar www.hse.ie.

- Cuimsítear réimse leathan clár agus tionscadal faoin Stiúrthóireacht Caighdeáin agus Sábháilteacht Othar lena n-áirítear ról an rialachais chliniciúil a chur chun cinn agus

ceannasaíocht chliniciúil a fhorbairt, seirbhísí sábháilte a áirithiú, monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú Caighdeáin agus Sábháilteacht Othar an chórais, bainistíocht riosca chomhtháite, agus caighdeáin náisiúnta agus cleachtais mholta FSS a leabú. Tá acmhainneacht bhreise á forbairt ag an stiúrthóireacht chun tacú le forbairt an Údaráis um Shábháilteacht Othar trí rannpháirtíocht leis an Roinn Sláinte agus le HIQA. Tá dul chun cinn á dhéanamh freisin ag an Stiúrthóireacht Caighdeáin agus Sábháilteacht Othar maidir le húsáid chóras faisnéise Fhaisnéis Sláinte Éireann agus an Chórais Chliste Náisiúnta um Dhearbhú Cáilíochta (NQAIS) a fhairsingiú chun cabhrú le cáilíocht, sábháilteacht agus éifeachtúlacht na seirbhísí sláinte a chur chun cinn.

- Tugtar faoi phróiseas measúnaithe mionsonraithe caighdeánach le haghaidh gach tionscadail caipitil a bhfuil buiséad os cionn €0.5m i gceist leis. Mar chuid den phróiseas, cuirtear coimre tionscadail faoi bhráid an Stiúrthóra Náisiúnta Airgeadais ina leagtar amach riachtanas na seirbhíse i gcomhthéacs tosaíochtaí caipitil mar a léirítear iad sna Pleananna Corparáideacha agus Seirbhíse. Tugtar faoi anailís chostais is tairbhe ar gach mórthionscadal caipitil atá beartaithe. Bíonn na tionscadail sin a bhfuil buiséad os cionn €30 milliún i gceist leo faoi réir mionanailís costais is tairbhe a dtugtar fúithi de réir Threoirlínte na Roinne Airgeadais ón mbliain 2005 maidir le Measúnú agus Bainistíocht Tograí Caiteachais Chaipitil san Earnáil Phoiblí, arna leasú le ciorclán mhí Eanáir 2006 maidir le Luach ar Airgead. Tarlaíonn athbhreithnithe boird ar an gclár caipitil ar bhonn rialta.
- Tá nósanna imeachta ceaptha agus curtha i bhfeidhm ag FSS chun a chinntiú go gcomhlíonfar gach ciorclán pá agus taistil arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais. Tugtar faoi eisceachtaí ar bith a shainaithnítear agus déantar tuairisciú orthu ar bhonn bliantúil don Aire, de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.
- Tá an príomhchreat dlíthiúil faoina soláthraíonn FSS tacaíocht airgeadais do sholáthraithe seirbhíse neamhreachtúla leagtha amach san Acht Sláinte, 2004. D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonann FSS agus an earnáil neamhreachtúil a ndualgais faoi seach, tá creat rialachais náisiúnta forbartha ag FSS ar bhonn foirmiúil chun bainistíocht a dhéanamh ar an gcistiú arna gcur ar fáil don earnáil neamhreachtúil. Mar bhunchloch den chreat rialachais sin, cuirfear doiciméadúchán an rialachais chaighdeánaigh náisiúnta i bhfeidhm i leith gach gníomhaireachta arna cistiú chun seirbhísí sláinte pearsanta agus sóisialta a sholáthar. Forbraíodh doiciméadúchán sin an rialachais chaighdeánaigh náisiúnta le comhaontú na mórsholáthraithe seirbhíse ar fad, agus tá sé i bhfeidhm ó 2009. Rinneadh athbhreithniú air in 2011 tar éis próiseas comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara ábhartha, agus tá an doiciméadúchán nuashonraithe in úsáid ón 1 Eanáir 2012 i leith. I measc na n-athruithe a rinneadh, áirítear iad seo a leanas:
    - béim níos mó á cur ar chomhoibriú idir gníomhaireachtaí agus FSS maidir le soláthar; agus
    - cuireadh isteach clásal faoina n-éilítear go ndéantar earcaíocht na ndochtúirí neamh-chomhairleacha ospidéil ar fad (nach bhfuil post oiliúna faofa acu) trí Oifig Earcaíochta Náisiúnta FSS/tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.
    - Fairsingíodh clásal Alt 38 le gach gníomhaireacht arna cistiú a chuimsiú. Áirithíonn an clásal nach n-íoctar tuarastail nach bhfuil de réir theorannacha na hearnála poiblí; agus
    - Cuireadh isteach riachtanas le haghaidh gach gníomhaireachta cloí le coinníollacha na Scéime um Luathscor Deonach agus na Scéime Iomarcaíochta Deonaí, 2010.
    - Ina theannta sin, leasaíodh na sceidil leis an Socrú Seirbhíse chun faisnéis bhreise mhionsonraithe ar na seirbhísí a áireamh ionas go mbeidh an doiciméadúchán rialachais ina chreat níos cuimsithí agus níos úsáidí d'iomlán na gaolmhaireachta seirbhíse agus cistithe le gach Gníomhaireacht.

  Rinneadh athruithe breise lena chinntiú go léirítear reachtaíocht reatha, rialacháin reatha, agus treoracha reatha ó ranna rialtais sa doiciméadúchán. Bhí gá le roinnt athruithe eagarthóireachta freisin chun aghaidh a thabhairt ar nithe amhail athruithe ar struchtúr eagraíochtúil FSS nó ar theidil poist. Áirítear leis an tSraith Chaighdeánach Náisiúnta

Doiciméadúcháin anois Socrú Seirbhíse atá le húsáid i gcás gníomhaireachtaí tráchtála nó gníomhaireachtaí a dhéanann brabús a sholáthraíonn seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta d'fhonn comhsheasmhacht a áirithiú ar fud na hearnála neamhreachtúla.

- Tá *Clár Gníomhaireachtaí Neamhreachtúla – Socruithe Seirbhíse agus Comhaontuithe maidir le Cúnamh Deontais* i bhfeidhm. Soláthraítear faisnéis bhainistíochta áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta sa Chlár sin ar 2,680 gníomhaireacht ar leith trína bhfeidhmítear 4,381 socrú seirbhíse ar leith ar luach tuairim is €3.27 billiún iad. Is é an tAonad Náisiúnta Tacaíochta Gnó a dhéanann bainistíocht ar an gClár sin. Tá aitheantóir ar leith cruthaithe ag an Aonad le haghaidh gach gníomhaireachta trínar féidir faisnéis ríthábhachtach a chothabháil ar gach socrú cistithe ar leith lena n-áirítear idir chistiú reatha agus stairiúil, comhlíonadh le doiciméadúchán an rialachais chaighdeánaigh náisiúnta, agus sonraí teagmhála ríthábhachtacha. Tá an Clár ar fáil ar shuíomh inlín FSS mar threoir thagartha le haghaidh bhainisteoirí FSS ar fad. Ullmhaíodh staitisticí agus tuarascálacha míosúla monatóireachta ar fheidhmiú ón gcéad ráithe de 2012. I bhfigiúirí 2012, tuairiscítear ráta comhlíonta 93.69% maidir le cistiú lena mbaineann doiciméadúchán rialachais comhlánaithe. Bhí Socruithe Seirbhíse sínithe i bhfeidhm ag gach ceann de na 16 Ospidéal Dheonacha in 2012. Chuathas i dteagmháil go foirmiúil le heagraíochtaí nár chomhlánaigh an próiseas sínithe do 2012 agus tá na bearta cuí glactha. I gcásanna áirithe, cuireadh deireadh le conarthaí mar thoradh air sin. Chinntigh Foireann Bhainistíochta FSS go ndírítear go leanúnach ar chomhlíonadh an chreata rialachais, agus áirítear an comhlíonadh mar phríomhtháscaire feidhmíochta don tuairisciú corparáideach agus réigiúnach araon.
- Cuireadh tús in 2011 le tionscadal chun féachaint ar an gcreat foriomlán bainistíochta agus rialachais a neartú. Cuirtear béim ar leith sa tionscadal ar na próisis bhainistíochta chuí atá de dhíth ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ionas go mbeidh ar chumas FSS an ghaolmhaireacht atá aici leis an earnáil neamhreachtúil a bhainistiú go héifeachtach agus a hoibleagáidí cuntasachta a chomhlíonadh. Déanfar comhairleoireacht sheachtrach mar chuid den tionscadal in 2013. Idir an dá linn, forbraíodh réimse leathan treoirlínte agus treoracha agus tá siad ar fáil chun cabhrú le sealbhóirí buiséid bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar an ngaolmhaireacht le gníomhaireachtaí cistithe, rud atá ríthábhachtach do gach sealbhóir buiséid.
- Comhlíonann nósanna imeachta le haghaidh éadálacha agus diúscairtí réadmhaoine ag FSS na hoibleagáidí dlíthiúla atá leagtha amach in Alt 78 agus alt 79 den Acht Sláinte, 1947, arna leasú leis an Acht Sláinte, 2004. Tá an t-údarás ag an Stiúrthóir Náisiúnta Airgeadais idirbhearta beartaithe réadmhaoine a cheadú suas le huasteorainn €2 mhilliún, gan CBL san áireamh, nuair a bheidh na hidirbhearta molta ag an gCoiste Réadmhaoine le haghaidh a gceadaithe. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin idirbhearta os cionn na suime sin a cheadú, nuair a bheidh siad molta ag an gCoiste Réadmhaoine le haghaidh a gceadaithe agus formhuinithe ag an Stiúrthóir Náisiúnta Airgeadais. Ní mór idirbhearta os cionn €2 mhilliún a chur faoi bhráid Bhord FSS le haghaidh ceadú críochnaitheach nuair a bheidh siad ceadaithe ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin.
- Mar chuid d'athbhreithniú bliantúil FSS ar éifeachtacht chóras an rialaithe inmheánaigh, tá dualgas ar gach ball foirne ar leibhéal Ghrád VIII (nó a chomhionann) agus níos airde Ráiteas um Dhearbhú Rialuithe a chomhlánú, ina ndearbhaítear na rialuithe atá i bhfeidhm ina réimse freagrachta agus oibriúchán na rialuithe sin.

***Monatóireacht agus Tuairisciú Feidhmíochta***

- Faoi Alt 29 den Acht Sláinte, 2004, ceanglaítear ar FSS plean foirmiúil 3 bliana a ullmhú ar a dtugtar Plean Corparáideach FSS. Soláthraítear an creat uileghabhálach sa phlean ina dtabharfaidh an eagraíocht aghaidh ar a réimsí tosaíochta, nó ar a príomhghníomhaíochtaí, sna chéad trí bliana eile. Tugtar treoir ann ar na réimsí ar a ndíreofar iarrachtaí na foirne agus spriocdhíriú acmhainní. Cuimsíodh na blianta 2008-2011 sa dara Plean Corparáideach de FSS, agus leagadh amach ann a raibh beartaithe ag FSS i rith na tréimhse sin. Cuireadh dréacht den tríú plean don tréimhse 2011-2014 faoi bhráid an Aire Sláinte an 9 Meán Fómhair 2011 de réir na reachtaíochta, agus tá an dréachtphlean sin á

bhreithniú i láthair na huaire i gcomhthéacs cainteanna ar struchtúir nua rialachais agus riaracháin agus socruithe feabhsaithe cuntasachta atá molta do FSS.

- Tá tuarascáil ar an bhfeidhmíocht de réir Phlean Corparáideach FSS 2008-2011 foilsithe ar www.hse.ie.
- Leanadh d'fhaisnéis HealthStat a fhoilsiú ar an nGréasán i rith 2012. Cuireadh deireadh le fóraim HealthStat i mí na Bealtaine 2012 roimh bhunú phróiseas CompStat. Córas bainistíochta agus tuairiscithe feidhmíochta le hinrochtaineacht gréasáin is ea CompStat, agus cuirfear i bhfeidhm é in ionad HealthStat in 2013. Tá sé bunaithe ar chreat cuntasachta cothromaithe de Cháilíocht, d'Inrochtaineacht agus d'Acmhainní, atá ailínithe leis an mbeartas sláinte reatha. Úsáidtear tuairisc scórchárta chun feidhmíocht a rianú in aghaidh sraith méadrachta ábhartha.

  Díríonn CompStat ar Ospidéil Ghéarmhíochaine ó thaobh othair chónaithe, othair sheachtracha agus othair lae de. Díríonn sé freisin ar Sheirbhísí Pobail bunaithe ar cheantair na nOifigí Sláinte Áitiúla, rud atá ionadaíoch ar gach grúpa cúraim. Soláthraítear faisnéis i dtuarascáil chomhtháite de réir ospidéil agus de réir cheantar na n-oifigí sláinte áitiúla.  Foilseofar torthaí CompStat ar www.hse.ie níos déanaí in 2013.

  Pléitear torthaí feidhmíochta CompStat ag cruinnithe míosúla Fhóram CompStat faoi chathaoirleacht na Stiúrthóirí Réigiúnacha Oibríochtaí, agus bíonn daoine ríthábhachtacha i réigiúin éagsúla FSS – Baile Átha Cliath-Laighin Láir, Baile Átha Cliath-an tOirthuaisceart, an Deisceart agus an tIarthar – rannpháirteach ann.  Sna cruinnithe sin, ceanglaítear ar bhainisteoirí a bheith cuntasach as a bhfeidhmíocht féin agus soláthraítear deis dóibh dea-chleachtas a roinnt agus dul i ngleic ar bhealach dearfach le réimsí ina bhfuil fadhbanna. Aithnítear ceisteanna feidhmíochta freisin san Fhóram a mbíonn cur chuige náisiúnta de dhíth chun dul i ngleic leo.
- Tá Stiúrthóireacht na Pleanála Corparáidí agus na Feidhmíochta Corparáidí freagrach as feidhm pleanála cuimsithí chomhtháite thar chórais éagsúla a chur i bhfeidhm, mar aon le haonad éirime gnó, agus tuairisciú agus tomhas ar fheidhmíocht oibríochta. Tá creat cuimsitheach ag FSS maidir le pleanáil, monatóireacht ar fheidhmíocht agus bainistíocht. Lean an Coiste Rialaithe um Monatóireacht ar Fheidhmíocht de chuid FSS, faoi chathaoirleacht an Stiúrthóra Náisiúnta Airgeadais, dá ról maidir le hathbhreithniú agus bailíochtú feidhmíochta eagraíochtúla i bpríomhréimsí an airgeadais, na bainistíochta acmhainní daonna agus maidir le cur i gcrích spriocanna atá aitheanta sa Phlean Náisiúnta Seirbhíse. Soláthraíonn Stiúrthóireacht na Pleanála Corparáidí agus na Feidhmíochta Corparáidí tuarascálacha ar an bpríomhfheidhmíocht chuig an gCoiste Rialaithe um Monatóireacht ar Fheidhmíocht ina dtugtar léargas ar chinntí feidhmíochta agus tacaíochta maidir le beartaíocht cheartaitheach atá de dhíth chun spriocanna airgeadais, acmhainní daonna agus gníomhaíochta a chomhlíonadh.
- Soláthraítear anailís chomhtháite ar na príomhshonraí airgeadais, acmhainní daonna, agus feidhmíochta géarmhíochaine agus neamh-ghéarmhíochaine i dTuarascáil Feidhmíochta FSS, agus foilsítear an Tuarascáil go míosúil ar láithreán gréasáin FSS, www.hse.ie. Tá na sonraí gníomhaíochta a thuairiscítear bunaithe ar an nGníomhaíocht Feidhmíochta agus ar na Príomhtháscairí Feidhmíochta a bhfuil breac-chuntas orthu sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta. Ullmhaítear Tuarascáil Fhorlíontach uair sa mhí freisin ina soláthraítear sonraí níos mionsonraithe ar mhéadracht atá cuimsithe sa Tuarascáil Feidhmíochta. Ullmhaítear tuarascálacha leathbhliantúla ar phríomhthorthaí de réir réimse chun dul chun cinn a léiriú in aghaidh gníomhartha sonracha, mar atá leagtha amach sa Phlean Náisiúnta Seirbhíse.
- Léirítear tionchar airgeadais eachtraí cliniciúla agus oibríochtúla i gcásanna arna socrú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA) agus ag árachóirí, ar son FSS. Tá dualgas reachtúil ar SCA comhairle agus cúnamh a sholáthar do FSS faoi na scéimeanna éagsúla. Bíonn SCA ag comhoibriú le baill foirne bainistíochta riosca, chliniciúla agus riaracháin FSS chun tacú le sábháilteacht na n-othar agus chun líon na n-éileamh a laghdú. Déanann SCA óstáil ar chóras náisiúnta leictreonach bainistíochta chun eachtraí díobhálacha a thuairisciú trína n-éascaítear braislí eachtraí díobhálacha a shainaithint agus trína gcumasaítear anailís ar bhunchúiseanna na n-éileamh.  Úsáidtear an méid a fhoghlaimítear ón anailís

seo chun tacú le feabhas a chur ar shábháilteacht na n-othar agus chun cur le líon na n-éileamh i FSS a laghdú. Gach bliain, déanann SCA cláir oibre bainistíochta riosca a phleanáil agus a chur i bhfeidhm bunaithe ar anailís ar threochtaí i sonraí na n-éileamh agus na n-eachtraí, ar riachtanais agus ar fhasaigh dhlíthiúla, agus ar fhorbairtí a rinneadh le déanaí sa bhainistíocht riosca dlíthíochta, go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta. Chuir aonaid bainistíochta riosca SCA clár cuimsitheach oiliúna agus seimineár ar fáil i rith 2012. Cuireann SCA comhairle árachais ar fáil maidir le conarthaí, ceadúnais, scéimeanna agus tairiscintí FSS i gcásanna ina mbíonn slánaíocht an Stáit i bhfeidhm nó maidir leis na cineálacha árachais a bhíonn de dhíth sa chás nach bhfuil sé i bhfeidhm. Áirithítear leis sin go laghdaítear dliteanais an Stáit ar an mbealach is éifeachtúla ó thaobh costas de.

- Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh ag FSS agus pearsanra acu a bhfuil oiliúint chuí orthu a fheidhmíonn de réir cairt scríofa/téarmaí tagartha atá faofa ag an mBord. Bíonn obair Stiúrthóir Náisiúnta an Iniúchta Inmheánaigh agus a fhoirne á treorú ag anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil FSS neamhchosanta orthu. Bíonn pleananna na nIniúchtaí Inmheánacha Bliantúla, arna bhfaomhadh ag an gCoiste Iniúchóireachta, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar obair na Feidhme Iniúchta Inmheánaigh, agus tuairiscíonn an Coiste don Bhord. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm lena áirithiú go mbeidh toradh ar thuarascálacha na Feidhme Iniúchta Inmheánaigh. Tuairiscíonn Stiúrthóir Náisiúnta an Iniúchta Inmheánaigh do Bhord FSS trí Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta, tá dlúthchaidreamh oibre aige leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus is ball é d'fhoireann bhainistíochta FSS. Tugann an bhainistíocht faoi chalaois ar bith nó faoi mhírialtachtaí ar bith eile a aithnítear mar gheall ar athbhreithniú nó iniúchadh bainistíochta agus, nuair is cuí, cuirtear sin in iúl don Gharda Síochána. Tá obair faoi lánseol chun cur le hacmhainní na Stiúrthóireachta Iniúchta Inmheánaigh, acmhainní nach bhfuil dóthanach faoi láthair, agus chun struchtúr foriomlán comhaontaithe nua a chur i gcrích.

- Bhí Coiste Iniúchóireachta faoi chathaoirleach neamhspleách i bhfeidhm in 2012. Bhí triúr comhaltaí den Bhord mar aon le comhalta neamhspleách amháin ar an gcoiste. Níl Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta ina chomhalta de Bhord FSS, ach tuairiscíonn sé don Bhord ar gach ceist shuntasach a bhíonn á plé ag an gCoiste. Feidhmíonn an Coiste faoi réir Téarmaí Tagartha aontaithe agus tháinig sé le chéile sé huaire in 2012. Bíonn an Stiúrthóir Náisiúnta Airgeadais agus Stiúrthóir Náisiúnta an Iniúchta Inmheánaigh ag freastal ar chruinnithe an Choiste, agus freastalaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus baill eile na foirne bainistíochta feidhmiúcháin orthu nuair is gá. Freastalaíonn na hiniúchóirí seachtracha ar na cruinnithe de réir mar is gá agus tá rochtain dhíreach acu ar Chathaoirleach an Choiste i gcónaí. I gcomhréir leis an dea-chleachtas, bhuail an Coiste le Stiúrthóir Náisiúnta an Iniúchta Inmheánaigh agus leis na hiniúchóirí seachtracha gan an lucht bainistíochta i láthair.

- Bhí Coiste Riosca faoi chathaoirleach neamhspleách i bhfeidhm freisin. Bhí ceathrar comhaltaí den Bhord mar aon le comhalta neamhspleách amháin agus triúr ball foirne de bhainistíocht shinsearach FSS ar an gcoiste. Níl Cathaoirleach an Choiste Riosca ina chomhalta de Bhord FSS, ach tuairiscíonn sé don Bhord ar gach ceist shuntasach a bhíonn á plé ag an gCoiste. Feidhmíonn Coiste Riosca faoi réir Téarmaí Tagartha aontaithe agus díríonn sé go príomha ar chuidiú leis an mbord a chuid dualgas a chomhlíonadh trí athbhreithniú neamhspleách oibiachtúil a sholáthar ar rioscaí neamhairgeadais. D'fhéach an Coiste freisin ar thuarascálacha iniúchta inmheánaigh a bhain le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha neamhairgeadais agus ar thuarascálacha HIQA lena n-áirítear cur i bhfeidhm mholtaí HIQA. Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire in 2012. Tá gá le hidirchaidreamh iomlán idir Coistí Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird ionas go mbeidh an dá choiste idirghaolmhara sin in ann feidhmiú mar is ceart. Déantar idirchaidreamh a éascú trí chomhchruinnithe idir an dá choiste agus trí rannpháirtíocht leanúnach idir an bheirt chathaoirleach.

- Bhí Coiste Luach Saothair agus Eagraíochtúil i bhfeidhm faoi stiúir Chathaoirleach an Bhoird. Bhí an Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus beirt chomhaltaí Boird eile ar

an gcoiste freisin, agus bhí cruinniú amháin aige in 2012. Feidhmíonn an Coiste Luach Saothair agus Eagraíochtúil faoi réir na dtéarmaí tagartha comhaontaithe agus tá sé de fhreagracht air moltaí a dhéanamh don Bhord ar chúrsaí a bhaineann le luach saothair agus ar chúrsaí eagraíochtúla i FSS.

- Tá monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht chóras an rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na Feidhme Iniúchta Inmheánaigh, an Choiste Iniúchóireachta agus na mBainisteoirí i FSS a bhfuil sé de dhualgas orthu an creat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil. Tá ríthábhacht ag baint le ráitis agus moltaí a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile, amhail tuarascálacha an Choiste um Chuntais Phoiblí, agus déanann an Coiste Iniúchóireachta faireachán agus athbhreithniú ar a gcur i bhfeidhm.

**Sáruithe suntasacha ar an gcóras rialaithe in 2012**

In iniúchadh a rinne na Coimisinéirí Ioncaim in 2012, measadh gur gearríocadh ÁSPC agus, dá bhrí sin, rinneadh socrú leis na Coimisinéirí Ioncaim arbh fhiú €54,000 é. I gcásanna ina mbraitear réimsí neamhchomhlíonta, bíodh sé sin le linn iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim nó ag éirí as cleachtaí féin-athbhreithnithe, glactar bearta láithreacha chun an dliteanas a réiteach leis na Coimisinéirí Ioncaim agus chun a chinntiú go nglacfar an beart is gá chun deireadh a chur le féidearthacht earráidí den sórt sin. I gcomhar leis an gclár comhlíonta comhoibríoch atá i bhfeidhm leis na Coimisinéirí Ioncaim, rinne FSS measúnú iomlán ar riosca cánach in 2012. Fuarthas sainchúnamh cánach don mheasúnú agus féachadh ar gach ceannteideal cánach nach mór don eagraíocht cuntas a thabhairt ina leith. Tugtar sonraí ar na príomhréimsí riosca cánach i FSS sa mheasúnú ar riosca cánach. Anuas ar na sainréimsí neamhchomhlíonta, nó sainréimsí neamhchomhlíonta féideartha, a shainaithint, déantar trácht sa tuarascáil ar na próisis agus na rialuithe cánach a chuir FSS i bhfeidhm sa bhliain chánach 2011. Tá clár cuimsitheach féin-athbhreithnithe á dhéanamh in 2013 maidir leis na réimsí riosca cánach éagsúla a sainaithníodh. Tugtar tús áite do na réimsí sin a bhfuil riosca ard ag baint leo. Déanfar gearríocaíocht chánach ar bith a shainaithneofar san fhéin-athbhreithniú sin a nochtadh do na Coimisinéirí Ioncaim. Cuireadh sainchomhairle chánach ar FSS agus, de réir na comhairle sin, níor dhóigh go mbeadh dliteanas ar bith a thiocfadh chun cinn ábhartha i gcomhthéacs dhliteanas foriomlán cánach bliantúil FSS. Tá tús áite á thabhairt in 2013 do shainfheidhm chánach inmheánach a bhunú do FSS. Tá FSS tiomanta do chomhlíonadh iomlán leis na dlíthe cánach.

I rith 2012, thuairiscigh an bhainistíocht cás calaoise líomhnaithe a bhain le próiseáil na gcuntas iníoctha in ospidéal i gCorcaigh. Tuairiscíodh an cás do na Gardaí, agus rinne an tIniúchadh Inmheánach imscrúdú air le tacaíocht ó shainchomhairleoir iniúchóireachta fóiréinsí seachtrach. Rinneadh íocaíochtaí ríomhaistrithe airgid arbh fhiú tuairim €55,000 iad le cuntas bainc duine de na baill foirne ar shonraisc bhréagacha. Ina theannta sin, cheannaigh an ball foirne sin nithe arbh fhiú €8,000 iad dá úsáid phearsanta féin. Bhí roinnt íocaíochtaí eile arbh fhiú €107,000 iad curtha isteach sa chóras, ach d'aimsigh an Rannóg Airgeadais iad sula ndearnadh na híocaíochtaí. Rinneadh ionchúiseamh coiriúil mar thoradh ar an iniúchadh agus bhí an cás os comhair na cúirte in 2013. Phléadáil an ball foirne ciontach i leith 11 chúiseamh a bhain leis an gcalaois. Cuireadh tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí i gcrích freisin inar cuireadh béim ar na laigí rialuithe trínar ligeadh don chalaois dul ar aghaidh. Tá moltaí sa tuarascáil sin chun feabhas a chur ar na rialuithe agus, dá bhrí sin, chun an riosca go dtarlódh mírialtacht sa réimse sin amach anseo a laghdú.

In iniúchadh a rinneadh i réigiún FSS an Iarthair, aimsíodh tionscadal caipitil neamhfhaofa, arbh fhiú tuairim is €1.5m é, a bhí cistithe trí chaiteachas ioncaim. Bhí róchaitheamh tuairim is €2m ar bhuiséad áitiúil faofa €4.6m (43%) i gceist le huasghrádú shaoráid Sheirbhísí Meabhair-Shláinte na Gaillimhe Thoir sa Tóchar Mór in 2011. Dá bhrí sin, bhí neamhchosaint ar luach ar airgead agus riosca ar chlú FSS i gceist. Anuas air sin, mar gheall gur sáraíodh na prótacail maidir le caiteachas caipitiúil, tá imní ann maidir le comhlíonadh an fhoirgnimh leis na rialacháin reachtúla agus na rialacháin tógála atá i bhfeidhm chun an reachtaíocht reatha maidir le tinte agus sláinte agus sábháilteacht a chomhlíonadh.

Faoi shocruithe nua a tugadh isteach in 2012, éilítear ar Oifigigh Chuntasaíochta, sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais, comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad maidir le soláthar sa bhliain airgeadais ábhartha a dhearbhú. Éilítear faoi na treoirlínte soláthair go gcuirtear tuairisceán bliantúil faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina nochtar sonraí ar chonradh ar bith os cionn €25,000 (CBL san áireamh) a dámhadh gan próiseas iomaíoch. Síníonn an tOifigeach Cuntasaíochta an tuairisceán sin, ar a dtugtar tuairisceán 40/02, agus bhí tuairisceán na bliana airgeadais 2012 le cur isteach faoin 31 Márta 2013.

Níl córas uathoibríoch lárnach i bhfeidhm ag FSS ina gcoinnítear clár de na conarthaí arna ndámhadh gan próiseas soláthair iomaíoch agus, dá bhrí sin, cuireadh moill ar thuairisceán 40/02 a chur isteach. Ina theannta sin, san iniúchadh in 2012 agus i mblianta beaga anuas aithníodh líon suntasach conarthaí a dámhadh gan próiseas iomaíoch ar cheart iad a bheith aitheanta lena gcuimsiú ar thuairisceán 40/02 ach nár cuimsíodh iad.

D’fhonn dul i ngleic leis na laigí aitheanta, tá an fhreagracht chun an fhaisnéis riachtanach a bhailiú sannta ag FSS ar Leas-Stiúrthóir Náisiúnta Soláthair ainmnithe. Anuas air sin, beidh dearbhú gur chomhlíon bainisteoirí na treoirlínte soláthair de dhíth ó 2013 ar aghaidh le haghaidh ráiteas um dhearbhú rialuithe atá sínithe ag bainisteoirí aonair (a n-úsáidtear iad don Ráiteas foriomlán ar Rialú Inmheánach Airgeadais).

**Athbhreithnithe foirmiúla sa bhliain**

Tá rioscaí féideartha nach mór a bhainistiú ag baint leis an scála costas i scéimeanna an chúraim phríomhúil agus na gcártaí liachta agus an líon mór idirbheart a bhaineann leo. Rinneadh próiseáil na n-iarratas ar chártaí liachta a lárú in 2011, agus léiríodh éagsúlacht shuntasach maidir le deonú cártaí liachta nuair a rinneadh an phróiseáil a chineachadh. In 2012, rinne FSS coimisiúnú ar dhá athbhreithniú sheachtracha ar phróiseáil agus ar chaiteachas maidir le cártaí liachta sa tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil. Cuireadh an chéad athbhreithniú i gcrích in Aibreán 2012, agus díríodh ann ar mholtaí a fhorbairt chun na próisis agus seirbhísí do chustaiméirí a chuíchóiriú agus a fheabhsú. Cuireadh an dara hathbhreithniú i gcrích i nDeireadh Fómhair 2012, agus bhí sé mar aidhm leis an athbhreithniú na cúiseanna costais maidir le caiteachais na Seirbhíse Aisíocaíochta a shainaithint, agus measúnú a dhéanamh ar na réimsí riosca agus ar na rialuithe a bhaineann leo. Rinneadh dul chun cinn i rith 2012 ar an bplean gníomhaíochta chun na moltaí sa dá thuarascáil a chur i bhfeidhm. Tugtar breac-chuntas thíos ar na hathruithe a tugadh isteach in 2012 agus ar na hathruithe atá beartaithe le haghaidh 2013.

Anuas ar an ngnáth-athbhreithniú ar cháilitheacht a dhéantar gach trí bliana nuair a théann cártaí liachta in éag, tugadh isteach athbhreithnithe spriocdhírithe ar cháilitheacht in 2012 maidir le cártaí liachta a bhí neamhghníomhach ar feadh níos mó ná 12 mhí. I gcásanna dá leithéid, chuathas i dteagmháil go foirmiúil le sealbhóirí cárta liachta le deimhniú go raibh siad ina gcónaí sa Stát i gcónaí. Baineadh an cháilitheacht i gcásanna nach bhfuarthas freagra.

Faoi reachtaíocht a tháinig i bhfeidhm i mí an Mhárta 2013, ceadaítear comhroinnt sonraí idir na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Coimirce Sóisialaí, agus FSS. Cuirfear sonraí ar fáil do FSS ina léireofar athruithe ar chúinsí shealbhóir an chárta liachta, amhail athrú sa stádas fostaíochta, leibhéil ioncaim agus athrú sa cháilitheacht ar scéimeanna na Roinne Coimirce Sóisialaí. Úsáidfear na sonraí sin chun iniúchtaí spriocdhírithe a dhéanamh in 2013.

Neartófar an creat bainistíochta riosca le haghaidh scéimeanna trí na rialuithe breise seo a thabhairt isteach agus, dá bhrí sin, laghdófar an riosca agus an nochtadh ar ró-íocaíochtaí i gcás sealbhóirí cárta nach bhfuil cáilithe a thuilleadh.

In 2013, chuir FSS tús freisin le hathbhreithniú ar cháilitheacht maidir le sampla randamach de shealbhóirí cártaí liachta. Bunaithe ar anailís ar thorthaí na n-athbhreithnithe sin, cuirfear ar chumas FSS meastachán a thabhairt ar incháilitheacht sa chóras cártaí liachta, táscaire a chur ar fáil maidir le cé chomh maith is atá na córais rialaithe agus athbhreithnithe ag feidhmiú, agus

athruithe a shainaithint i nósanna imeachta chun dul i ngleic le rioscaí nua ag teacht chun cinn nó le heasnaimh sna córais.

Rinne foireann tionscadail faoi stiúir saineolaí idirnáisiúnta Athbhreithniú ar na Córais Bhainistíochta Airgeadais sa chóras sláinte i Meitheamh/Iúil 2012. Ba é cuspóir foriomlán an tionscadail athbhreithniú a dhéanamh ar staid reatha an chórais bainistíochta airgeadais atá i bhfeidhm san earnáil sláinte i gcomhthéacs na róchaiteachas tromchúiseach lena rabhthas ag súil in 2012, ar an timpeallacht dhúshlánach airgeadais a bheith ann don tréimhse amach romhainn, agus ar na hathchóirithe móra atá beartaithe i gClár an Rialtais. Cuireadh an t-athbhreithniú i gcrích in Iúil 2012, agus rinneadh moltaí éagsúla thar roinnt réimsí lena n-áirítear an acmhainneacht bhainistíochta airgeadais, an próiseas chun barrachais agus easnaimh a bhainistiú, socruithe cuntasachta, ról na réigiún, agus bainistíocht riosca. Cuireadh tús le hathbhreithniú leathan ar na córais bhainistíochta airgeadais agus rialaithe costas sa tseirbhís sláinte ó críochnaíodh an t-athbhreithniú ar na Córais Bhainistíochta Airgeadais. Cuireadh an dara hathbhreithniú sin i gcrích sa cheathrú ráithe de 2012 agus cuimsíodh ann ullmhú plean gníomhaíochta chun an t-athbhreithniú ar na córais bhainistíochta airgeadais a chur i bhfeidhm. Cuimsíodh leis freisin anailís ar phleananna rialaithe costas reatha, measúnú ar roghanna éagsúla chun coigilteas san airgead tirim a bhaint amach, agus moltaí chun an bonneagar bainistíochta airgeadais a neartú i gcóras sláinte na hÉireann.

**Tony O’Brien**
Oifigeach Cuntasaíochta
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

**26 Meán Fómhair 2013**

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 39 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála le haghaidh Vóta 39 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 faoi Alt 3d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm atá forordaithe ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na bpolasaithe agus na bprionsabal caighdeánacha cuntasaíochta maidir le cuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act, 1866*, ceanglaítear ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoin 31 Márta tar éis dheireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as na cistí poiblí agus réadmhaoin phoiblí atá faoina smacht a chosaint, as éifeachtúlacht agus as barainneacht an riaracháin ina Roinn, agus as rialtacht agus oiriúnacht gach idirbhirt sa chuntas leithghabhála.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Ceanglaítear orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, iniúchadh a dhéanamh ar na cuntais leithghabhála le haghaidh gach Vóta agus cibé tástáil a mheasaim is cuí a dhéanamh chun críche an iniúchta.

Nuair a bheidh an t-iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála curtha i gcrích, ceanglaítear orm deimhniú a chur ar fáil ina ndearbhaítear cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil, dar liom, na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta curtha i láthair i gceart sa chuntas. Ceanglaítear orm freisin tagairt d'aon chás ábhartha lena mbaineann na nithe seo a leanas:

- theip ar roinn nó ar oifig caiteachas arna thaifeadadh sa chuntas a úsáid chun na críche sin a bhí beartaithe nuair a chuir an tOireachtas na leithreasaí ar fáil, nó
- níl idirbhearta arna dtaifeadadh sa chuntas i gcomhréir leis an údarás faoina bhfuil siad in ainm is a bheith déanta.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, ceanglaítear orm tuarascáil a ullmhú gach bliain maidir le hábhair ag eascairt as na hiniúchtaí ar na cuntais leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise ar ábhartha í do mhéideanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas mar aon le measúnú ar cibé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí.

Is éard atá i gceist leis an iniúchadh ná fianaise leordhóthanach a fháil chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu de thoradh calaoise nó neamhrialtachta nó earráide eile é. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Le teacht ar an tuairim iniúchóra, déantar meastóireacht ar leordhóthanacht fhoriomlán na caoi a gcuirtear an fhaisnéis ar fáil sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim maidir leis an gcuntas leithghabhála***

Measaim go gcuirtear na fáltais agus an caiteachas maidir le Vóta 39 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte don bhliain dar chríoch 31 Nollag 2012 i láthair i gceart sa chuntas leithghabhála.

Fuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a mheas mé a bheith riachtanach chun críche m'iniúchta. Measaim gur choinnigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leabhair chuntas chuí. Tá an cuntas leithghabhála ar aon dul leis na leabhair chuntas.

***Tuairisciú ar ábhair ag eascairt as an iniúchadh***

Baineann Caibidil 21 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí le haghaidh 2012 le bainistiú buiséid san earnáil sláinte. Baineann Caibidil 22 le cáilitheacht ar chártaí liachta.

***Comhlíonadh na dTreoirlínte Soláthair***

Tarraingím aird freisin ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais agus ar an gcuid de ina leagtar amach cásanna ábhartha neamhchomhlíonadh na dtreoirlínte soláthair phoiblí agus ina dtugtar sonraí ar na gníomhartha atá beartaithe chun dul i ngleic leis na laigí sin.

**Seamus MacCárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2013

## Ráiteas faoi na Polasaithe agus na Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh chun feidhme na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithghabhála a tháirgeadh agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás na nithe seo a leanas:

**Ullmhú an Chuntais Leithghabhála ó na Ráitis Airgeadais Bhliantúla**

De réir Alt 36 (2) den Acht Sláinte, 2004, ní mór do FSS ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú i gcibé foirm a threoróidh an tAire Sláinte di, agus éilítear in Alt 36 (3) nach mór na cuntais sin a ullmhú de réir na gcaighdeán cuntasóireachta a shaineoidh an tAire. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais Bhliantúla ar bhonn ioncaim agus caiteachais. Aithnítear gach ioncam a bhaineann leis an tréimhse, is cuma é a bheith faighte nó gan a bheith faighte agus go ngearrtar gach caiteachas a bhaineann leis an tréimhse, idir fhíorchaiteachas agus chaiteachas fabhraithe. Léiríonn iarmhéid an chuntais an t-ioncam sa bhreis thar chaiteachas nó a mhalairt.

Ullmhaítear an Cuntas Leithghabhála ar bhonn fáltas agus íocaíochtaí agus aithnítear ann airgead atá faighte agus íoctha le linn na tréimhse cuntasaíochta. Is cuntas neamhcharnach é agus géilltear méid ar bith nach mbeidh caite ag deireadh na bliana don Státchiste.

Is éard atá sa chostas a ghearrtar ar Vóta FSS ná caiteachas arna thaifeadadh ar bhonn ceantair agus caiteachas a bhaineann le cláir arna riar ar bhonn náisiúnta. Cuirtear an caiteachas ceantarbhunaithe ar fáil le haghaidh ceantar arbh ann dóibh roimh FSS agus eascraíonn sé ó chórais oidhreachta arna bhfeidhmiú sna ceantair sin. Ceaptar córais airgeadais an Státchiste chun cuntais bunaithe ar fhabhrú a chur ar fáil agus braitheann na figiúirí airgeadbhunaithe atá ag teastáil le haghaidh na cuntasaíochta Vóta ar réitigh shubstaintiúla ar na figiúirí fabhraithe. Díorthaítear iad ó na Ráitis Airgeadais Bhliantúla trí mhíreanna neamhairgid a dhíchur agus trí anailís a dhéanamh ar gach cuntas sócmhainní agus dliteanais chun gach iarmhéid cuntais fionraí a aithint. Is í eochair an phróisis ná go n-ullmhaítear an dá thacar cuntas ón bhfoinse chéanna idirbheart faoi dheoidh. Tá réiteach achomair ar thoradh an vóta do na Ráitis Airgeadais Bhliantúla san áireamh i Nóta 1.1 a ghabhann leis an gCuntas Leithghabhála.

Faoi dheoidh, in ainneoin go mbíonn toradh iomlán ar an bpróiseas seo arb ionann é agus eisíocaíocht Vóta na Feidhmeannachta sa bhliain, bíonn cionroinnt san áireamh leis an gcostas d'fho-mhírchinn faoi leith.

**Caiteachas ar Chúram Cónaithe Fadtéarmacha**

Faoin Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais (STTB), cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do dhaoine incháilithe le cuidiú le costas a gcúraim chónaithe fhadtéarmaigh. Réiteach comhíocaíochta idir an duine agus an Stát atá i gceist. Baineann an scéim le daoine atá i gcúram fadtéarmach cónaithe agus tagann sí in áit na scéime fóirdheontais a bhí i bhfeidhm ón mbliain 1993. Tá fo-mhírcheann B.12 ceaptha le cuntas a thabhairt ar gach caiteachas ar chúram fadtéarmach, lena gcuimsítear na ceithre eilimint seo a leanas:

- fóirdheontais a íocadh i leith cónaitheoirí i dtithe altranais príobháideacha, ar chónaitheoirí iad sular tugadh isteach STTB agus a roghnaigh gan aistriú chuig an scéim sin
- íocaíochtaí ar leapacha de réir conartha a íocadh i leith cónaitheoirí i dtithe altranais príobháideacha, ar chónaitheoirí iad sular tugadh isteach STTB agus a roghnaigh gan aistriú chuig an scéim sin
- íocaíochtaí le tithe altranais príobháideacha i leith cónaitheoirí atá i STTB.
- céatadán de chaiteachas iomlán na n-aonad poiblí cúraim cónaithe.

Gearrtar na chéad trí eilimint go díreach ar an bhfo-mhírcheann. Tá an ceathrú heilimint bunaithe ar shamhail leithdháilte costais a d'fhorbair FSS lena gcionroinntear, go hachomair, costais a cuid aonad fadchónaithe ar bhonn na leapacha a dháiltear ar ghrúpaí éagsúla cúraim.

**Caiteachas ar Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh**

Tá fo-mhírcheann nua B.15 (Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh) san áireamh le Meastachán 2012 FSS. Díorthaíodh toradh an vóta le haghaidh Fho-mhírcheann B.15 ó na costais ioncaim agus chaiteachais arna bhfeidhmiú ag FSS trí ionaid chostais agus costais dhlíthiúla a bhaineann leis an tSeirbhís Leanaí agus Teaghlaigh a shainaithint.

**Cionroinnt Eile**

I dteannta Fho-Mhírcheann B.12 agus Fho-Mhírcheann B.15, comhroinntear caiteachas áirithe atá á riar go lárnach (m.sh. conarthaí náisiúnta atá á n-íoc ag FSS Corparáideach) ar na fo-mhírchinn sin ar bhonn measta ag brath ar an gcaoi ar ríomhadh an chionroinnt in Imleabhar na Meastachán Leasaithe.

**Leithreasaí i gcabhair**

In 2012, rinne an Roinn Sláinte agus na cuideachtaí árachais sláinte phríobháidigh caibidliú ar chomhaontuithe dlíthiúla trína ndéanann na cuideachtaí árachais phríobháidigh réamhíocaíochtaí maidir le hothair a fuair cóireáil ach nach raibh sonrasc curtha ar aghaidh ina leith ag ospidéil FSS agus ospidéil dheonacha áirithe. Fuarthas suim iomlán €104 milliún i mí na Nollag 2012 de bharr na gcomhaontuithe sin, agus ba iad ospidéil reachtúla FSS a fuair €49.8 milliún de. Laghdaigh na cuideachtaí árachais na híocaíochtaí atá le déanamh leis na hospidéil reachtúla (agus dheonacha) go luath in 2013 chun na réamhíocaíochtaí a rinne siad in 2012 a chur san áireamh .i. ní íocfar éileamh ar bith a bhaineann le hothair a scaoileadh amach in 2011 ná in 2012 go dtí go n-aisíocfar an réamhíocaíocht ina hiomláine. Áirítear leis an toradh d’Fho-Mhírcheann D.6 (Nóta 4.1) réamhíocaíocht €49.8 milliún a fuarthas de bharr comhairle a fuarthas ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina léirítear gur féidir fáltais dá leithéid a rangú mar chostais inghnóthaithe.

**Ráiteas um Shócmhainní Caipitiúla**

Is éard atá i gceist le sócmhainní seasta inláimhsithe ná talamh, foirgnimh, obair idir lámha, trealamh agus mótarfheithiclí. Sonraítear sócmhainní seasta inláimhsithe breise a fuarthas ón 1 Eanáir 2005 i leith ag an gcostas stairiúil lúide dímheas carntha. Tá luachanna tugtha anonn na sócmhainní seasta inláimhsithe a fuair FSS ó chomhlachtaí réamhtheachtaí san áireamh ar an gclár comhardaithe tosaigh ar lá a bunaithe, an 1 Eanáir 2005, ag a mbunchostas nó a mbunluacháil. Bhí iarmhéid ábhartha comhiomlán an chuntais dímheasa san áireamh freisin sa chlár comhardaithe tosaigh. Níl beartas athluachála glactha ag FSS.

Déantar dímheas a ríomh chun bunchostas nó bunluacháil gach sócmhainne seasta inláimhsithe a dhíscríobh thar a saol úsáideach eacnamaíoch de réir méid cothrom ag na rátaí seo a leanas:

- Ní dhímheastar talamh.
- Foirgnimh: dímheastar iad ag 2.5% in aghaidh na bliana.
- Foirgnimh mhodúlacha (.i. foirgnimh réamhdhéanta): dímheastar iad ag 10% in aghaidh na bliana.
- Obair idir lámha: ní dhéantar dímheas ar bith.
- Trealamh - ríomhairí agus córais TFC: dímheastar iad ag 33.33% in aghaidh na bliana.
- Trealamh - eile: dímheasta ag 10% in aghaidh na bliana.
- Mótarfheithiclí: dímheasta ag 20% in aghaidh na bliana.

**Ráiteas um Shócmhainní Caipitiúla atá á bhForbairt**

Níor ullmhaíodh ráiteas faoi leith toisc go n-áirítear sócmhainní caipitiúla atá á bhforbairt mar obair idir lámha sa Ráiteas um Shócmhainní Caipitiúla.

**Stoic**

Sonraítear stoic ag an nglanchostas nó ag an nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Is ionann an glanluach agus na fáltais mheasta díolacháin lúide costais a thabhófar nuair a dhíolfar stoc.

**Dliteanais Aibithe**

Is ionann na dliteanais aibithe agus sonraisc a íocadh in Eanáir 2013 a bhí le híoc roimh an 31 Nollaig 2012.

# Vóta 39 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

## Cuntas Leithghabhála 2012

| | | | | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Seirbhís** | | | **Soláthar sna meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Riarachán** | | | | | | |
| A.1 | Tuarastail, pá agus liúntais agus costais riaracháin eile de FSS Corparáideach | | | 62,377 | 64,819 | 64,088 |
| A.2 | Athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar bheartais | | | 389 | 389 | 389 |
| A.3 | Íocaíochtaí cnapshuime pinsin | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 207,000 | | | |
| | | *Breise* | (8,000) | 199,000 | 175,494 | —[1] |
| **Réigiúin FSS agus Gníomhaireachtaí Sláinte eile** | | | | | | |
| B.1 | Réigiún FSS Bhaile Átha Cliath – Laighin Láir | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,346,415 | | | |
| | | *Breise* | 20,000 | 1,366,415 | 1,372,716 | 1,480,275 |
| B.2 | FSS – Réigiún Bhaile Átha Cliath-an Oirthuaiscirt | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,225,344 | | | |
| | | *Breise* | 25,000 | 1,250,344 | 1,251,037 | 1,374,969 |
| B.3 | FSS – Réigiún an Deiscirt | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,912,930 | | | |
| | | *Breise* | 31,000 | 1,943,930 | 1,946,459 | 2,046,367 |
| B.4 | FSS – Réigiún an Iarthair | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,103,412 | | | |
| | | *Breise* | 45,000 | 2,148,412 | 2,164,462 | 2,466,424 |
| B.5 | Deontais i leith comhlachtaí sláinte áirithe eile lena n-áirítear ospidéil dheonacha agus ospidéil chomhbhoird | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,126,724 | | | |
| | | *Breise* | 41,000 | 2,167,724 | 2,158,954 | 2,240,038 |

[1] Áiríodh costas na n-íocaíochtaí cnapshuime pinsin seo sna fo-mhírchinn B1 go B4 in 2011.

| Seirbhís | | | | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Seirbhísí eile** | | | | | | |
| B.6 | FSS – seirbhísí cárta liachta agus scéimeanna pobail eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,518,293 | | | |
| | | *Breise* | 234,000 | 2,752,293 | 2,756,613 | 2,583,029 |
| B.7 | Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí eile dá leithéid (le páirtchistiú ón gCrannchur Náisiúnta) | | | 7,513 | 4,105 | 3,623 |
| B.8 | Seirbhísí ospidéil, cónaitheacha, seachtracha agus comhairleoireachta le haghaidh daoine a fuair Heipitíteas C trí ghlóbailin imdhíonachta frith-D a úsáid agus soláthar seirbhísí faoin Acht Sláinte (Leasú), 1996 | | | 14,458 | 14,214 | 14,461 |
| B.9 | Eacnamaíoch agus Míbhuntáiste Sóisialta agus Míchumas (Cuntais Díomhaoin arna gcistiú) | | | — | — | 1,242 |
| B.10 | Íocaíocht chuig cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 13 den Acht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006 | | | 1,700 | 1,700 | 10,500 |
| B.11 | Íocaíocht chuig cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú), 2006 – Scéim Árachais | | | 1,500 | 700 | 1,310 |
| B.12 | Cúram cónaithe fadtéarmach | | | 994,700 | 962,608 | 1,055,429 |
| B.13 | Forbairtí seirbhíse agus tionscadail seachadta seirbhísí nuálacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 63,000 | | | |
| | | *Breise* | (20,000) | 43,000 | 41,500 | 60,810 |
| B.14 | Íocaíochtaí chuig an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 96,000 | | | |
| | | *Breise* | (20,000) | 76,000 | 75,668 | 81,204 |
| B.15 | Seirbhísí leanaí agus teaghlaigh | | | 551,674 | 569,834 | —[1] |

[1] Léiríodh costais na seirbhísí leanaí agus teaghlaigh faoi chaiteachas réigiúnach roimhe seo (fo-mhírchinn B.1 go B.4).

| Seirbhís | | | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Seirbhísí Caipitiúla** | | | | | |
| C.1 | Áiseanna sláinte agus áiseanna ardoideachais a thógáil, a fheistiú agus a fhearastú maidir leis an gclár céime altranais réamhchláraithe, lena n-áirítear íocaíochtaí i ndáil le cíos na réadmhaoine, costais léasa srl. | | | | |
| | *Bunaidh* | 330,487 | | | |
| | *Breise* | (10,000) | 320,487 | 308,117 | 298,397 |
| C.2 | Áiseanna sláinte a thógáil, a fheistiú agus a fhearastú (le páirtchistiú ón gCrannchur Náisiúnta) | | 2,539 | 2,539 | 2,539 |
| C.3 | Córais faisnéise agus seirbhísí gaolmhara le haghaidh gníomhaireachtaí sláinte | | | | |
| | *Bunaidh* | 140,000 | | | |
| | *Breise* | (18,000) | 122,000 | 107,516 | 101,545 |
| C.4 | Áiseanna meabhairshláinte agus áiseanna sláinte eile a thógáil agus a fheistiú (arna gcistiú ó dhiúscairt sócmhainní barrachais) | | 8,000 | 8,000 | 16,191 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,714,455 | | | |
| | *Breise* | 320,000 | | | |
| | | | **14,034,455** | **13,987,444** | **13,902,830** |
| | *Asbhain* | | | | |
| D | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,553,522 | | | |
| | *Breise* | (40,000) | | | |
| | | | **1,513,522** | **1,489,345** | **1,458,171** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 12,160,933 | | | |
| | *Breise* | 360,000 | | | |
| | | | **12,520,933** | **12,498,099** | **12,444,659** |

**Barrachas le géilleadh**

Tá barrachas an mhéid arna sholáthar os cionn an ghlanmhéid fheidhme dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas le géilleadh | 22,833,999 | 15,780,712 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithghabhála

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas ar riarachán corparáideach FSS | | 65,208 | 64,477 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 13,922,236 | 13,838,353 |
| **Ollchaiteachas** | | **13,987,444** | **13,902,830** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **1,489,345** | **1,458,171** |
| **Glanchaiteachas** | | **12,498,099** | **12,444,659** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | (145,670) | | |
| Dímheas | 178,853 | | |
| Aistrithe/diúscairtí talún | 307,727 | | |
| Diúscairtí (airgead tirim) | 5,135 | | |
| Brabús/(caillteanas) ar dhiúscairtí | 383 | | |
| | | 346,428 | 391 |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | 97,015 | | |
| Laghdú ar stoc | 3,256 | | |
| | | 100,271 | (133,029) |
| **Caiteachas díreach** | | **12,944,798** | **12,312,021** |

**1.1 Réiteach an chostais oibriúcháin le caiteachas arna aithint sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costas oibriúcháin | 12,944,798 | 12,312,021 |
| Caiteachas a íocadh ó ioncam eile | 1,523,340 | 1,587,385 |
| Caiteachas caipitiúil arna mhuirearú don chuntas ioncaim agus caiteachais | 145,670 | 176,129 |
| Dímheas | (178,853) | (170,690) |
| Aistrithe/diúscairtí talún | (307,727) | — |
| Diúscairtí (airgead tirim) | (5,135) | — |
| (Caillteanas) / brabús ar dhiúscairtí | (383) | 1,027 |
| Caiteachas in aghaidh an chuntais ioncaim agus caiteachais | **14,121,710** | **13,905,872** |
| | | |
| Caiteachais ioncaim in aghaidh an chuntais ioncaim agus caiteachais | 13,814,264 | 13,588,194 |
| Caiteachas caipitiúil in aghaidh an chuntais ioncaim caipitil agus caiteachais | 307,446 | 317,678 |
| Caiteachas in aghaidh an chuntais ioncaim agus caiteachais | **14,121,710** | **13,905,872** |

Arna anailísiú mar seo a leanas

| **Pá agus íocaíochtaí ioncaim** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Cliniciúil | 2,825,541 | 2,891,917 |
| Neamhchliniciúil | 910,032 | 937,604 |
| Seirbhísí cliaint/othair eile | 631,832 | 655,083 |
| Aoisliúntas | 656,375 | 567,184 |
| **Fo-iomlán pá agus íocaíochtaí** | **5,023,780** | **5,051,788** |
| | | |
| **Ioncam neamhphá** | | |
| Cliniciúil | 836,019 | 829,711 |
| Seirbhísí iompair othar agus otharchairr | 55,601 | 56,033 |
| Cúram príomhúil agus scéimeanna cárta liachta | 3,062,261 | 2,831,471 |
| Seirbhísí cliaint/othair eile | 65,729 | 65,357 |
| Deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha | 3,464,212 | 3,449,704 |
| Bainistí | 227,362 | 227,815 |
| Costais oifige agus riaracháin | 386,723 | 378,441 |
| Táillí fadchónaithe a aisíocadh le hothair | 1,149 | 9,397 |
| Scéim árachais Heipitítis C | 911 | 980 |
| Costais oibriúcháin eile | 44,808 | 45,679 |
| Íocaíochtaí faoin scéim slánaíochta cliniciúla | 75,668 | 81,204 |
| An Scéim um Thacaíocht Tithe Altranais (Cothrom na Féinne) | 570,041 | 560,614 |
| **Fo-iomlán neamhphá** | **8,790,484** | **8,536,406** |

**Caiteachas caipitiúil**

| | | |
|---|---|---|
| **Caiteachas caipitiúil** | | |
| Deontais caipitil do ghníomhaireachtaí seachtracha | 98,357 | 132,755 |
| Caiteachas caipitiúil ar thionscadail FSS | 209,089 | 184,923 |
| **Fo-iomlán caipitiúil** | **307,446** | **317,678** |
| **Caiteachas iomlán in aghaidh na gcuntas ioncaim agus caiteachais** | **14,121,710** | **13,905,872** |

## 2 Clár Comhardaithe amhail ar 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.3 | 4,919,766 | 5,266,194 |
| **Sócmhainní airgeadais** | | 3 | 3 |
| | | **4,919,769** | **5,266,197** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 128,552 | 131,863 |
| Stoic | 2.5 | 118,265 | 121,521 |
| Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí | 2.6 | 165,375 | 229,792 |
| Réamhíocaíocht in airgead tirim le haghaidh Ospidéal Adelaide agus na Mí | 2.6 | — | 23,760 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.7 | 54,629 | 55,788 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **466,821** | **562,724** |
| | | | |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Creidiúnaithe | | 149,468 | 150,448 |
| Costais fhabhraithe | | 1,259,305 | 1,250,602 |
| Ioncam iarchurtha | | 9,755 | 9,634 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.8 | 165,823 | 171,919 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.9 | 17,359 | 15,731 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,601,710** | **1,598,334** |
| | | | |
| **Glansócmhainní reatha** | | **(1,134,889)** | **(1,035,610)** |
| **Glansócmhainní** | | **3,784,880** | **4,230,587** |
| | | | |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas cistithe Stáit** | 2.1 | **3,784,880** | **4,230,587** |

| **2.1 Cuntas Cistithe Stáit** | **Nóta** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail ar 1 Eanáir | | 4,230,587 | 4,112,505 |
| Cistiú tarraingthe anuas | 2.2 | 12,498,099 | 12,444,659 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | | 992 | (14,556) |
| Costas iomlán oibriúcháin | 1 | (12,944,798) | (12,312,021) |
| **Iarmhéid amhail ar 31 Nollaig** | | **3,784,880** | **4,230,587** |

| **2.2 Cistiú tarraingthe anuas** | **Nóta** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 12,520,933 | 12,460,440 |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (22,834) | (15,781) |
| **Iomlán an chistithe tarraingthe anuas** | | **12,498,099** | **12,444,659** |

## 2.3 Sócmhainní caipitil

| | Talamh | Foirgnimh | Obair idir lámha | Trealamh | Mótar fheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail ar 1 Eanáir 2012 | 2,021,833 | 3,468,614 | 253,873 | 1,187,195 | 90,958 | 7,022,473 |
| Breiseanna | 82 | 35,491 | 70,763 | 35,753 | 3,581 | 145,670 |
| Aistrithe (ón obair idir lámha) | — | 88,928 | (98,417) | 9,264 | 225 | — |
| Aistrithe/diúscairtí | (307,727) | (4,891) | (1,342) | (14,206) | (2,782) | (330,948) |
| Costas nó luacháil amhail ar 31 Nollaig 2012 | 1,714,188 | 3,588,142 | 224,877 | 1,218,006 | 91,982 | 6,837,195 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail ar 1 Eanáir 2012 | — | 773,999 | — | 904,599 | 77,681 | 1,756,279 |
| Dímheas don bhliain | — | 90,148 | — | 81,758 | 6,947 | 178,853 |
| Dímheas ar aistrithe/dhiúscairtí | — | (1,597) | — | (13,364) | (2,742) | (17,703) |
| Dímheas carnach amhail ar 31 Nollaig 2012 | — | 862,550 | — | 972,993 | 81,886 | 1,917,429 |
| **Glansócmhainní amhail ar 31 Nollaig 2012** | **1,714,188** | **2,725,592** | **224,877** | **245,013** | **10,096** | **4,919,766** |
| **Glansócmhainní amhail ar 31 Nollaig 2011** | **2,021,833** | **2,694,615** | **253,873** | **282,596** | **13,277** | **5,266,194** |

## 2.4 Banc agus Airgead Tirim

| amhail ar 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Oifigigh óinchiste/iarmhéideanna mionairgid | 630 | 652 |
| Iarmhéideanna cuntais bhainc thráchtála | 29,680 | 27,698 |
| Iarmhéid ag Oifig an Phámháistir Ghinearálta | 98,242 | 103,513 |
| | 128,552 | 131,863 |

### 2.5 Stoic

| amhail ar 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthairtí míochaine, fiaclóireachta agus máinliachta | 33,156 | 32,610 |
| Soláthairtí saotharlainne | 6,260 | 6,193 |
| Soláthairtí cógaslainne | 16,873 | 17,974 |
| Stoic ardteicneolaíochta chógaslainne | 32,603 | 32,403 |
| Stoic chógaslainne le fodháileadh | 1,306 | 1,716 |
| Fuil agus táirgí fola | 1,421 | 1,300 |
| Stoic vacsaíní | 15,984 | 17,601 |
| Seirbhísí bainistí | 8,010 | 8,881 |
| Stáiseanóireacht agus soláthairtí oifige | 2,063 | 2,275 |
| Ilearraí | 589 | 568 |
| | 118,265 | 121,521 |

Dhíscríobh FSS stoc arbh fhiú €0.7 milliún é in 2012.

### 2.6 Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí

| amhail ar 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Féichiúnaithe ar othair iad – saoráidí príobháideacha in ospidéil phoiblí[1] | 53,283 | 96,806 |
| Féichiúnaithe ar othair iad – táillí mar othair chónaithe phoiblí | 12,530 | 12,950 |
| Féichiúnaithe ar othair iad – táillí fadchónaithe | 8,450 | 7,937 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 20,037 | 17,330 |
| Déantóirí earraí cógaisíochta | 27,674 | 52,788 |
| Asbhaintí tobhach pinsin ó bhaill foirne / ó sholáthraithe seirbhíse | 11,314 | 8,875 |
| Éileamh ar iomarcaíocht reachtúil | 9,844 | 11,660 |
| Ospidéil dheonacha – conarthaí seirbhíse náisiúnta maidir le feistí leighis | 8,425 | 4,531 |
| Féichiúnaithe éagsúla | 13,818 | 16,915 |
| | 165,375 | 229,792 |
| Réamhíocaíocht in airgead tirim le haghaidh Ospidéal Adelaide agus na Mí (Ospidéal Thamhlachta)[2] | — | 23,760 |

[1] Baineann an laghdú ar líon na bhféichiúnaithe ar othair iad go príomha le híocaíochtaí luathaithe arbh fhiú €49.8m iad a fuarthas ó na trí phríomhchuideachta árachais i mí na Nollag 2012. Tá na híocaíochtaí luathaithe sin bunaithe ar mheastacháin na n-árachóirí i leith othair phríobháideacha a thabhaigh táillí ar chóireálacha in ospidéil ghéarmhíochaine ach nach raibh na héilimh curtha i gcrích go fóill.

[2] Rinneadh iarmhéid €24 milliún a bhí dlite ag Ospidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath, ina gcorpraítear Ospidéal Náisiúnta na Leanaí (Ospidéal Thamhlachta) amhail ar 31 Nollaig 2011 a dhíscríobh in 2012 trí dheontas aonuaire breise.

**Fiachais a díscríobhadh agus soláthairtí**

I rith 2012, rinne FSS drochfhiachais arbh fhiú €10.6 milliún (2011: €12.1 milliún) a dhíscríobh, agus méadaíodh an fhoráil do dhrochfhiachais le €1.9 milliún (2011: €1.5 milliún) mar seo a leanas:

| | Fiachais a díscríobhadh | | Gluaiseacht sa soláthar | |
|---|---|---|---|---|
| | **2012** | **2011** | **2012** | **2011** |
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Táillí príobháideacha | 4.9 | 4.7 | 2.3 | 4.3 |
| Táillí d'othair chónaitheacha | 2.2 | 2.1 | 1.5 | (0.2) |
| Táillí na rannóige éigeandála | 2.7 | 2.2 | (0.5) | (0.8) |
| Timpistí Bóthair | 2.0 | 2.0 | (3.7) | (3.3) |
| Táillí fadchónaithe | 0.2 | 0.3 | 1.7 | 1.4 |
| Fiachais nach mbaineann le hothair | (1.4) | 0.8 | 0.6 | 0.1 |
| **Iomlán** | **10.6** | **12.1** | **1.9** | **1.5** |

**2.7 Iarmhéideanna Dochair Eile**

| amhail ar 31 Nollaig | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Ró-íocaíochtaí párolla | 4,478 | 4,441 |
| Réamhíocaíochtaí le poitigéirí | 231 | 470 |
| Iasachtaí | 3,664 | 2,902 |
| Coigeartú teicniúil párolla[1] | 31,593 | 33,720 |
| An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála / An tAonad Speisialta Seachadta | 3,602 | 1,565 |
| Údaráis áitiúla | 3,241 | 4,582 |
| Féichiúnaithe eile ar fionraí | 7,820 | 8,108 |
| | 54,629 | 55,788 |

[1] Baineann na coigeartuithe teicniúla párolla le híocaíochtaí a rinneadh le baill foirne de bharr chuíchóiriú an phárolla. Tá na híocaíochtaí le haisíoc ag na baill foirne i gceist.

## 2.8 Iarmhéideanna Sochair Eile

| amhail ar 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 59,402 | 70,838 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 36,570 | 43,081 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 18,412 | 19,671 |
| Cáin Bhreisluacha | 6,412 | 4,600 |
| Dlite don Stát | 120,796 | 138,190 |
| Asbhaintí den phárolla agus iarmhéideanna sochair eile | 17,877 | 18,500 |
| Iarmhéideanna ioncaim agus caiteachais speisialta | 27,150 | 15,229 |
| | 165,823 | 171,919 |

## 2.9 Glandliteanas don Státchiste

| amhail ar 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 22,834 | 15,781 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas | (5,475) | (50) |
| Glandliteanas don Státchiste | 17,359 | 15,731 |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 128,553 | 131,862 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 54,629 | 55,788 |
| | 183,182 | 187,650 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (120,796) | (138,190) |
| Iarmhéideanna ioncaim agus caiteachais speisialta | (27,150) | (15,229) |
| Asbhaintí den phárolla agus iarmhéideanna eile | (17,877) | (18,500) |
| | (165,823) | (171,919) |
| | 17,359 | 15,731 |

## 2.10 Ceangaltais

| amhail ar 31 Nollaig | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Ceangaltais iomlána** | | |
| Ceangaltais ar dhócha dóibh teacht chun cinn sna blianta dá éis maidir leo seo a leanas: | | |
| Fo-mhírchinn soláthair | 280,397 | 205,204 |
| Léasanna oibriúcháin | 40,546 | 38,012 |
| Fo-mhírchinn deontais | 37,048 | 37,993 |

| **Ceangaltais chaipitil atá infhorghníomhaithe le dlí** | **Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2012** | **Lena híoc sna blianta dá éis** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|
| **Seirbhísí ospidéil** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Forbairt Champas an Mater | 200.98 | 20.88 | 221.86 |
| Ospidéal Réigiúnach an Iarthair Láir – Bloc Cúraim Chriticiúil | 31.57 | 6.03 | 37.60 |
| Ospidéal Réigiúnach an Iarthair Láir – Rannóg Éigeandála | 0.40 | 7.00 | 7.40 |
| An tOspidéal Ginearálta, Inis – Céim 1 | 7.68 | 0.25 | 7.93 |
| An tOspidéal Ginearálta, Leitir Ceanainn – Bloc Barda Míochaine | 21.96 | 0.50 | 22.46 |
| Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh – seirbhísí croí agus duán | 65.57 | 1.62 | 67.19 |
| Bord Forbartha an Ospidéil Náisiúnta Phéidiatraicigh | 36.35 | 1.24 | 37.59 |
| Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann | 27.16 | 1.14 | 28.30 |
| Córas Náisiúnta Íomháithe Liachta Comhtháite (NIMIS) | 23.08 | 9.63 | 32.71 |
| Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge | 12.67 | 1.36 | 14.03 |
| An tOspidéal Ginearálta, Loch Garman – Seomraí Breithe agus Obrádlann Cnáimhseachais Nua | 3.30 | 12.68 | 15.98 |
| Ospidéal Naomh Lúcás – Céim 1 den athfhorbairt | 2.40 | 12.29 | 14.69 |
| An Lárionad Rialaithe Náisiúnta d'Otharcharranna | 3.96 | 3.96 | 7.92 |
| Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha – Síneadh agus Athchóiriú na Rannóige Éigeandála | 30.85 | 0.36 | 31.21 |
| **Iomlán** | **467.93** | **78.94** | **546.87** |

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2012 | Lena híoc sna blianta dá éis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€m** | **€m** | **€m** |
| **Seirbhísí Pobail** | | | |
| Caiseal, Céim 2 | 13.16 | 0.01 | 13.17 |
| Ionad Meabhairshláinte Chluain Meala | 7.34 | 0.25 | 7.59 |
| Forbairt Ghráinseach Ghormáin | 21.59 | 0.78 | 22.37 |
| Aonad Sláinte Pobail, an Uaimh | 11.98 | 0.25 | 12.23 |
| Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh – Aonad géarchúraim meabhairshláinte a athsholáthar ionas go mbeifear in ann Saoráid Oinceolaíochta Radaíochta a fhorbairt ar an gcampas | 0.06 | 13.64 | 13.70 |
| Ospidéal Beaumont – Saoráid Géarchúraim Shíciatraigh 44 leaba a sholáthar | 8.90 | 3.22 | 12.12 |
| Ospidéal Mhuire Lourdes – Aonad géarchúraim meabhairshláinte nua a sholáthar ar champas cúraim sláinte Ospidéal Mhuire Lourdes | 0.18 | 11.06 | 11.24 |
| Neidín – Athsholáthar an Ospidéil Phobail, Neidín | 5.60 | 2.20 | 7.80 |
| Ospidéal an tSilínghort | 8.73 | 0.66 | 9.39 |
| Ionad Cúram Príomhúil agus Seirbhísí Meabhairshláinte – Baile Formaid | 12.75 | 0.40 | 13.15 |
| Ionad Cúram Príomhúil Inse Chór | 21.40 | 0.08 | 21.48 |
| Ospidéal Naomh Mhuire, an Mhuileann gCearr – Aonad Altranas Pobail | 16.77 | 0.50 | 17.27 |
| Aonad Síciatrach Naomh Áine do Leanaí agus do Dhaoine Óga | 7.55 | 0.08 | 7.63 |
| **Iomlán** | **136.01** | **33.13** | **169.14** |

## 2.11 Dliteanais Aibithe

Ba é €19.7 milliún luach iomlán na ndliteanas aibithe neamhscaoilte amhail ar 31 Nollaig 2012.

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-mhírchinn

Tugtar míniú thíos maidir le gach fo-mhírcheann caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó, agus breis is 5% níos mó, ná an tsuim a soláthraíodh.

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Íocaíochtaí cnapshuime pinsin (A.3) | 23,506 | Shínigh an tAire Airgeadais an tOrdú um Chearta i leith Phinsin na Seirbhíse Poiblí 2011 [*Public Service Pension Rights Order 2011*] (I.R. Uimh. 80 de 2011) an 23 Feabhra 2011. Tá an 29 Feabhra 2012 sonraithe ann mar an dáta deiridh don 'tréimhse chairde', mar a thugtar uirthi. Sa tréimhse sin, ní raibh tionchar ar phinsin mar gheall ar na ciorruithe pá a tugadh isteach san Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2), 2009. Íocadh cnapshuime pinsin arbh fhiú €175.5 milliún iad i leith 3,372 duine (2,866 coibhéis lánaimseartha). Ba é €52,000 an meánmhéid a íocadh. Ba lú an caiteachas ná mar a bhí measta toisc go raibh an meastachán bunaithe ar 5,294 duine (4,500 coibhéis lánaimseartha). |
| Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí eile dá leithéid (le páirtchistiú ón gCrannchur Náisiúnta)(B.7) | 3,408 | Ní íoctar deontais an Chrannchuir Náisiúnta go dtí go gcomhlíontar coinníollacha an deontais. Ba é €1 mhilliún luach na ndeontas faofa neamhíoctha amhail ar 31 Nollaig 2012. |
| Córais faisnéise agus seirbhísí gaolmhara le haghaidh gníomhaireachtaí sláinte (C.3) | 14,484 | Baineann an coigilteas go príomha le caiteachais ioncaim TFC arna ghearradh ar Fho-mhírcheann C.3 agus atá níos ísle ná mar a measadh. Laghdaíodh an caiteachas ioncaim TFC ó €98 milliún in 2010 go €86 milliún in 2012. |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí i gcabhair**

| | | | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ó ranníocaíochtaí sláinte | | | — | — | — |
| 2. | Costas seirbhísí sláinte arna soláthar faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh faighte ar ais | | | 220,000 | 220,000 | 270,000 |
| 3. | Fáltais ó dhleachtanna máil áirithe ar tháirgí tobac | | | 167,605 | 167,605 | 167,605 |
| 4. | Costais áirithe faoin Scéim Seirbhísí Oftalmacha arna n-aisghabháil ón gCiste Árachais Shóisialaigh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 5,000 | | | |
| | | *Breise* | (3,000) | 2,000 | — | 1,300 |
| 5. | Costais áirithe faoi Scéim na Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta arna n-aisghabháil ón gCiste Árachais Shóisialaigh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 8,000 | | | |
| | | *Breise* | (6,000) | 2,000 | — | 1,300 |
| 6. | Táillí reachtúla in ospidéil phoiblí, táillí fadchónaithe agus táillí cothabhála i gcóiríocht phríobháideach agus leathphríobháideach in ospidéil phoiblí[1] | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 455,016 | | | |
| | | *Breise* | (38,000) | 417,016 | 408,835 | 331,501 |
| 7. | Eacnamaíoch agus míbhuntáiste sóisialta agus míchumas (Cuntais Díomhaoin arna gcistiú) | | | — | — | 1,242 |
| 8. | Aoisliúntas | | | 199,986 | 195,611 | 197,874 |
| 9. | Fáltais ilghnéitheacha | | | 127,759 | 103,511 | 119,694 |
| 10. | Fáltais ó dhiúscairt áiseanna meabhairshláinte agus áiseanna sláinte eile. | | | 8,000 | 4,479 | 6,812 |
| 11. | Fáltais ó aisíocaíochtaí faoin tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 25,000 | | | |
| | | *Breise* | 7,000 | 32,000 | 37,316 | — |
| 12. | Fáltais as asbhaint a bhaineann le pinsin as luach saothair na seirbhíse poiblí | | | 337,156 | 351,988 | 360,843 |
| | **Iomlán** | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,553,522 | | | |
| | | *Breise* | (40,000) | | | |
| | | | | **1,513,522** | **1,489,345** | **1,458,171** |

[1] Baineann an méadú ar fháltais ó tháillí reachtúla go príomha le híocaíochtaí luathaithe arbh fhiú €49.8 milliún iad a fuarthas ó na trí phríomhchuideachta árachais i mí na Nollag 2012. Bhí na híocaíochtaí luathaithe sin bunaithe ar mheastacháin na n-árachóirí i leith othair phríobháideacha a thabhaigh táillí ar chóireálacha in ospidéil ghéarmhíochaine ach nach raibh na héilimh curtha i gcrích go fóill.

**Míniú ar Dhifríochtaí Suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach mírcheann a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó, agus breis is 5% níos mó, ná an tsuim mheasta.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Costais áirithe faoin Scéim Seirbhísí Oftalmacha arna n-aisghabháil ón gCiste Árachais Shóisialaigh | 2,000 | Níor dhearnadh an anailís mhionsonraithe staitistiúil, atá de dhíth chun an íocaíocht le FSS a ríomh, a chur i gcrích in am d'íocaíochtaí 2012. Fuarthas €2.2 milliún in 2013 i leith seirbhísí a soláthraíodh in 2012. |
| Costais áirithe faoi Scéim na Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta arna n-aisghabháil ón gCiste Árachais Shóisialaigh | 2,000 | Níor dhearnadh an anailís mhionsonraithe staitistiúil, atá de dhíth chun an íocaíocht le FSS a ríomh, a chur i gcrích in am d'íocaíochtaí 2012. Fuarthas €4.4 milliún in 2013 i leith seirbhísí a soláthraíodh in 2012. |
| Fáltais ilghnéitheacha | 24,248 | Cuimsítear leis an soláthar sna meastacháin fáltais inathraitheacha agus aonuaire nár tháinig i gcrích in 2012. |
| Fáltais ó dhiúscairt áiseanna meabhairshláinte agus áiseanna sláinte eile. | 3,521 | Is í straitéis FSS an Clár Bonneagair Meabhairshláinte a chistiú trí dhíolacháin talún. Aithnítear réadmhaoine nach bhfuil gá leo agus díoltar iad má bhíonn an praghas tairisceana de réir luach an mhargaidh nó os a chionn. |
| Fáltais ó aisíocaíochtaí faoin tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil | (5,316) | Bhí na fáltais ó aisíocaíochtaí ó dhéantóirí earraí cógaisíochta níos mó ná mar a bhí measta. |

**4.2 Réiteach an Ioncaim sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil le Leithreasaí i gcabhair**

| | | | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **Ioncam** | **Caipiteal** | **Iomlán** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iomlán de réir na ráiteas airgeadais bliantúil | 13,679,134 | 342,305 | 14,021,439 |
| Lúide deontais ón Státchiste | (12,161,428) | (336,671) | (12,498,099) |
| **Iomlán an ioncaim eile de réir na ráiteas airgeadais bliantúil** | **1,517,706** | **5,634** | **1,523,340** |
| **Lúide ioncam arna chur do shochar cuntais fionraí** | | | |
| An Roinn Sláinte | | | (22,122) |
| An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | | | (1,215) |
| An Bord Taighde Sláinte | | | (1,029) |
| Foinsí Stáit eile | | | (5,147) |
| Seirbhísí gníomhaireachta | | | (7,928) |
| Asbhaintí párolla eile | | | (8,704) |
| Fáltais faoin gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála / fáltais neamhairgid | | | (14,151) |
| Fáltais chaipitil ó fhoinsí Stáit eile | | | (593) |
| **Lúide gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre** | | | |
| Difríocht idir fáltais airgid ó othair agus ioncam cothabhála | | | 30,119 |
| Gluaiseacht i bhféichiúnaithe eile nach mbaineann leis an Vóta | | | (3,225) |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | | **1,489,345** |

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| Fostaithe FSS | 65,597 | 67,722 |
| Fostaithe san earnáil dheonach | 35,909 | 36,670 |
| Cúntóirí baile atá fostaithe go díreach | 3,746 | 4,397 |
| **Líon iomlán fostaithe** | **105,252** | **108,789** |

| **Anailís achomair ar chostais phá agus phinsin** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Bunphá | 3,283,355 | 3,374,110 |
| Liúntais | 119,371 | 122,392 |
| Ragobair | 157,164 | 169,857 |
| Dualgas oíche | 70,711 | 74,181 |
| Deireadh seachtaine | 176,355 | 182,372 |
| Obair ar ghlao-dhualgas | 55,190 | 49,873 |
| Riaráistí | 17,992 | 15,430 |
| ÁSPC an Fhostóra | 322,472 | 319,819 |
| Aoisliúntas | 656,375 | 567,184 |
| **Pá FSS** | **4,858,985** | **4,875,218** |
| Pá gníomhaireachta | 164,795 | 176,570 |
| **Pá iomlán** | **5,023,780** | **5,051,788** |

**5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre[1]**

| | **Líon faighteoirí[2]** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair is mó[3] 2012** | **An íocaíocht aonair is mó 2011** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais | 36,110 | 1,233 | 129,361 | 143,238 |
| Ragobair | 21,049 | 4,642 | 167,288 | 153,250 |
| Dualgas oíche | 32,952 | 171 | 17,389 | 20,025 |
| Deireadh seachtaine | 49,667 | 613 | 18,119 | 16,819 |
| Obair ar ghlao-dhualgas | 7,259 | 1,409 | 85,906 | 110,624 |
| Eile[4] | 10,758 | 140 | 92,482 | 89,770 |

[1] Baineann íocaíochtaí le fostaithe FSS amháin

[2] Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis is catagóir amháin

[3] D'fhéadfadh méideanna a íocadh in 2012 i leith blianta roimhe sin a bheith san áireamh faoi na híocaíochtaí i leith an uasliúntais aonair agus ragoibre.

[4] Cuimsítear íocaíochtaí seisiúnacha atá mínithe mar chostais phárolla faoi 'Eile'

**5.2 Íocaíochtaí Feidhmíochta agus Fiúntais**

Ba é €252,366 an riaráiste pá a bhain le feidhmíocht a íocadh in 2012 (2011: €2,008).

Ba é €3.67 milliún méid na n-aiscí a íocadh in 2012 (2011: €4.9 milliún), agus cuimsíodh leis sin aiscí báis, aiscí gearrsheirbhíse agus aiscí le haghaidh daoine neamh-inphinsin.

**5.3 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair**

Ba é €12 mhilliún luach na n-íocaíochtaí a rinneadh le baill foirne ar scor in 2012 (€11.6 milliún in 2011) agus baineann na híocaíochtaí sin le tuarastal agus le híocaíochtaí agallóra le baill foirne FSS ar scor (níl íocaíochtaí le baill foirne gníomhaireachta san áireamh).

Rinneadh íocaíochtaí €1 mhilliún in 2012 ag eascairt as dámhachtainí an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais/an Choimisinéara um Chearta (2011: €0.6 milliún)

Ba é €5,500 luach iomlán na ndámhachtainí téarfa a íocadh in 2012.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cistiú ón gCrannchur Náisiúnta

Íocadh suim iomlán de €4.105 milliún le ceantair FSS mar atá léirithe thíos agus tá sé á mhuirearú d'Fho-mhírcheann B7. Tá liosta d'fhaighteoirí an chistithe agus na suimeanna a íocadh le fáil ar láithreán gréasáin FSS (www.hse.ie).

**Bloc-leithdháiltí do réigiúin FSS**

| | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath – Laighin Láir | 1,205 | 929 |
| Réigiún Bhaile Átha Cliath-an Oirthuaiscirt | 1,208 | 580 |
| Réigiún an Deiscirt | 1,041 | 1,044 |
| Réigiún an Iarthair | 651 | 1,070 |
| **Iomlán** | **4,105** | **3,623** |

### 6.2 Táillí Dlí agus Cúiteamh

Déantar na costais dlí a íocadh i rith na bliana a aicmiú mar seo a leanas:

| **Táillí dlí a íocadh** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Táillí dlí a íocadh | 45,877 | 35,147 |
| Costais chúitimh dlí a íocadh | 990 | 831 |
| **Iomlán** | **46,867** | **35,978** |

D'íoc FSS €0.1 milliún breise i leith éilimh éagsúla a tugadh ina haghaidh agus a réitíodh in 2012 ach nach raibh clúdaithe faoi árachas.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia eile arbh fhiú €65,299 iad in 2012, mar aon le híocaíochtaí ilghnéitheacha eile arbh fhiú €649,878 iad.

Bhí líon iomlán de 590 éileamh amuigh in aghaidh FSS ag árachóirí FSS ag deireadh 2012.

Bhí líon iomlán de 3,505 éileamh amuigh in aghaidh FSS ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát amhail ar 31 Nollaig 2012.

Bhí 20 éileamh amuigh ar chúiteamh amhail ar 31 Nollaig 2012 nach raibh clúdaithe faoi pholasaí árachais FSS.

**Árachas**

Roimh an 1 Eanáir 2001, bhí préimh árachais FSS faoi réir rátáil shiarghabhálach. Faoin mbonn rátála siarghabhálaí, ní dhéantar an phréimh dheiridh a chinneadh go dtí deireadh na tréimhse clúdaigh, agus bunaítear í ar thaithí chaillteanais FSS don tréimhse chéanna. Tá coigeartú rátála siarghabhálaí atá iníoctha ag FSS faoi réir ag teorainneacha uasta agus íosta. Amhail ar 31 Nollaig 2012, níorbh fhéidir an dliteanas a chainníochtú go cruinn, dá mba ann dó, a d'fhéadfadh teacht chun cinn de thoradh ar rátáil shiarghabhálach amach anseo. Is iad €5,000 agus €1.62 milliún i gcás árachas dliteanas fostóra agus i gcás árachas dliteanais phoiblí faoi seach na dliteanais uasta le haghaidh na n-éileamh rátála siarghabhálaí amuigh, bunaithe ar leibhéil chomhaontaithe le haghaidh gach riosca árachais. Íocadh gach préimh árachais ón 1Eanáir 2001 i leith ar bhonn ráta comhréidh amháin, agus ní bhaineann rátáil shiarghabhálach le clúdach ón dáta sin ar aghaidh. Go dtí an t-aistriú chuig slánaíocht an Stáit ar an 1 Eanáir 2010, bhí árachas ag FSS in aghaidh rioscaí dliteanas fostóra agus rioscaí dliteanais phoiblí suas le teorainn slánaíochta, faoin mbonn rátála siarghabhálaí agus ráta comhréidh.

**An Scéim Slánaíochta Cliniciúla**

Ón 1 Iúil 2009, tugtar cistiú do FSS i leith éileamh arna bpróiseáil ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát faoi théarmaí na Scéime Slánaíochta Cliniciúla. Ón 1 Eanáir 2010 i leith, síníodh slánaíocht an Stáit chun éilimh ar dhíobháil phearsanta agus ar dhamáiste do mhaoin tríú páirtí in aghaidh FSS leis an Ordú um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Tarmligean Feidhmeanna), 2009. Cuirtear dámhachtainí arna n-íoc le héilitheoirí faoi théarmaí na scéime sna cuntais de réir mar a íoctar iad. Amhail ar 31 Nollaig 2012, ba é €996 milliún luach an dliteanais mheasta a tabhaíodh go dtí an dáta sin faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúla agus faoi Shlánaíocht an Stáit. Baineann tuairim is €950 milliún den tsuim sin leis an Scéim Slánaíochta Cliniciúla, agus baineann iarmhéid an dliteanais mheasta le héileamh nach mbaineann le cúrsaí cliniciúla. Muirearaíodh €76 milliún don chuntas leithghabhála in 2012 (2011: €81 milliún).

**6.3 Ús a bhaineann le hÍoc Pras Cuntas**

D'íoc FSS €0.2 milliún in ús a bhaineann le hÍoc Pras Cuntas in 2012 (€0.3 milliún in 2011).

**6.4 Dliteanais theagmhasacha**

Rinne poitigéirí éileamh a thaisceadh le FSS i leith caillteanais ar mharcáil suas ar tháirgí arna bhfodháileadh de réir théarmaí an chárta liachta do dhaoine os cionn 70 bliain d’aois. Murach sin, bheadh na táirgí sin faoi réir corrlach níos airde sa chás nach raibh cáilitheacht iomlán i gceist. Tá tuairim is €100 milliún i gceist leis an éileamh, de bhreis ar shuim €30 milliún atá á n-íoc in aghaidh na bliana faoi láthair. Tá sé tugtha le fios ag Aontas Cógaisíochta na hÉireann (IPU) go nglacfaidh an tAontas páirt in eadráin neamhcheangailteach, ach go bhféadfaí cás cúirte a thógáil in aghaidh FSS mura mbeifí sásta leis an toradh. Cuireadh deireadh le teidlíocht uilíoch i leith cárta liachta do daoine atá 70 bliain d’aois agus níos sine de réir reachtaíochta in 2009. Tá sé deimhnithe ag an Roinn Sláinte go bhfuil an beartas curtha i bhfeidhm ag FSS faoi mar a leagadh amach é agus faoi mar a bhí beartaithe sa tréimhse ina raibh teidlíocht uathoibríoch ag baint le daoine a bhí 70 bliain d’aois agus níos sine.

Tá roinnt éileamh ag baint le FSS a bhfuil imeachtaí dlí i gceist leo agus a bhféadfadh dliteanais teacht chun cinn dá mbarr, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá clúdach árachais ag FSS maidir le héilimh slánaíochta riosca ghairmiúil, le héilimh dóiteáin, agus le héilimh shonracha a bhaineann le gach cineál riosca. I bhformhór na gcásanna, ba leor a leithéid d’árachas chun na costais ar fad a chlúdach ach ní féidir a bheith cinnte faoi sin mar gheall ar theorannacha leis an dliteanas agus ar choinníollacha áirithe sa pholasaí. Níl na héifeachtaí airgeadais a bheadh ag teagmhais nach bhfuil faoi árachas curtha ar fáil sna cuntais.

**6.5 Eile**

D’íoc FSS €3.8 milliún ar phréimheanna árachais in 2012 (€5.2 milliún in 2011) agus tá an tsuim sin léirithe sa toradh le haghaidh Fo-mhírcheann A.1 agus B.1 go B.4.